

CILL TSEADHNA
C.L.C.G.

# COMÓRTAS PEILE NA GAELTACHTA

## CILL TSÉADHNA
## MÍLAOIS 2000

2–5 MEITHEAMH

Esat Digifone

£2.00




# Clár


| | Leathanach |
|---|---|
| Eagarfhocal | 2 |
| Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste Náisiúnta | 4 |
| Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste Áitiúil | 5 |
| Teachtaireacht ón Rúnaí Náisiúnta | 7 |
| Focal Fáilte ó Uachtarán CLG Cill tSéadhna | 9 |
| Teachtaireacht ó Éamon Ó Cuív TD | 11 |
| Teachtaireacht ó Uachtarán C.L.G. | 13 |
| An Garda Síochána | 15 |
| Peil, Roilleadh agus Rúscadh! | 18 |
| Na Foirne Sóisir | 21 |
| Na Foirne Sinsir | 41 |
| Mná Chonamara | 55 |
| Foireann Mná Chill tSéadhna | 57 |
| Céim ar Chéim | 59 |
| Cailíní Gaelacha | 60 |
| Stair Chill tSéadhna | 65 |
| Beannchor Iorrais 1894 | 67 |
| Beannchor Iorrais 1995 | 68 |
| Foirne Mhaigh Eo i gComórtas Peile na Gaeltachta | 73 |
| Cuimhní ar Pheil i nDubhloch | 77 |
| Cumann na mBunscol Iorrais | 95 |
| Ó Dhroichead Chomhraic go Ceann Ramhar | 99 |
| Dú Thuama Fadó | 108 |
| TG4: Súil Eile Spóirt don Mhílaois | 116 |
| Gaoth Sáile | 125 |
| Cumann Iascaigh Bhaingear | 127 |

# Eagarfhocal



*Caitlín*
*Ní Dhochartaigh*

*"Anois teacht an earraigh beidh an lá dul chun síneadh,*
*Is tar éis na Féil Bríde ardóidh mé mo sheol;*
*Ó chuir mé i mo cheann é ní stopfaidh mé choíche*
*Go seasfaidh mé thíos i lár Chontae Mhaigh Eo"*

Agus anseo i gCill tSéadhna cuirimid fíorchaoin fáilte roimh ár gcuairteoirí go léir as Gaeltachtaí uilig na hÉireann, as Baile Átha Cliath agus as Londain agus as gach áit eile in Éirinn. Cuirimid fáilte ar leith roimh gach duine a bhéas ag imirt nó ag freagairt ceisteanna agus roimh na cailíní Gaelacha.

Cuirimid fáilte ó chroí rompu seo as na méain chumarsáide – Radió na Gaeltachta, TG4, na nuachtán áitiúla, an raidió áitiúil ar a bhfuil muid ag brath ó sheachtain go seachtain agus iad seo óna meáin náisiúnta a ghlac lenár gcuireadh. Cuirimid fáilte speisialta roimh Liam Mac Niallaigh a bhí tinn ach atá anseo linn ar an ócáid seo – cara maith do chumann Chill tSéadhna.

Cuirimid fáilte roimh na hoifigigh iomadúla, Uachtarán nua Chumann Lúthchleas Gael, Seosamh Mac Thaidhg. Tá lúcháir a'tsaoil orainn sibh a bheith inár measc agus tá súil againn go mbainfidh sibh sult agus taitneamh as an deireadh seachtaine, atá ar cheann de na himeachtaí is mó i bhféilire na Gaeltachta gach bliain.

Seo an chéad uair dó a bheith i gCill tSéadhna. Tá lear mór oibre déanta ag go leor daoine i gCill tSéadhna is iad ag ullmhú fá choinne an Chomórtais seo. Tá moladh mór tuillte ag gach duine a thug cuidiú airgid, beag nó mór. Tá moladh mór tuillte ag coiste Pháirc Bhaingear agus Dhú Thuama, agus ag FÁS. Tá moladh tuillte ag gach duine a chuidigh linn ar dhóigh ar bith agus ar dhaoine taobh amuigh de Chill tSéadhna a chuidigh linn:

- gach duine/comhlucht/gnó/eagraíocht a chuir fógra sa chlár
- na daoine a chuaigh timpeall ag lorg na bhfógraí don leabhar
- ár gclódóirí – a bhí an-fhoighdeach
- gach duine a scríobh alt
- gach duine a thug eolas nó grianghraf
- Seán Ó hEarcáin a chabhraigh go mór linn
- Antoine Ó Ciardha – Bainisteoir FÁS
- Mícheál Mac Donnchadha agus a chéile dhílís Babaí
- Póilín Nic Suibhne – an Rúnaí
- Sorcha Ní Ghacháin
- gach duine a chabhraigh linn agus liomsa mar eagarthóir.

*Caitlín Ní Dhochartaigh*




**GLÓR MHAIGH EO TEO.**
**Dátheangachas ag Obair/Bilingualism in Action**

## 2000 Fáilte Romhaibh Go Maigh Eo

**I bhfómhar na bliana 1998 d'fhógair Bord na Gaeilge scéim phíolóta speisialta 'An Dátheangachas ag Obair' agus roghnaíodh plean gníomhaíochta Ghlór Mhaigh Eo ar cheann de chúig cinn as breis agus 90 iarratas a bhí san iomaíocht. Is é aidhm ghinearálta an chomhlachta ná an teanga Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn i ngach réimse dár saol. I gcomhar le FÁS, tá 17 fostaithe againn ar fud Mhaigh Eo, ag obair i Naíonraí, i nGaelscoileanna, agus i measc an phobail i nGaeltacht agus i nGalltacht an chontae. Tá cúnamh urraíochta curtha ar fáil againn d'eagraíochtaí éagsúla ar mhaithe le himeachtaí Gaelacha a spreagadh agus a riaradh. Tuigimid an tionchar dearfach a bhí ag Comórtas Peile Gaeltachta na bliana 1987 i mbaile agus i gceantar Bhéal an Mhuirthead agus tréaslaímid anois le Cumann Chill tSéadna as ucht Comórtas Peile an Dá Mhíle a mhealladh ar ais go Maigh Eo agus as na háiseanna breátha atá curtha ar fáil ag an gcumann. Táimid ag súil go mbeidh árd-tionchar ag comórtas na bliana seo, go háirithe ar ógánaigh agus ar imreoirí agus go spreagfar iad le bheith bródúil as ár gcluichí Gaelacha.**

**Guímíd gach rath as Chomórtas Peile an 2000**

# Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste Náisiúnta

A chairde

Ba mhaith liom thar ceann Coiste Náisiúnta Chomórtas Peile na Gaeltachta fíor chaoin fáilte a fhearadh romhaibh go léir go dtí ceanntar Chill tSéadhna.

Is ócáid stairiúil é seo sa mhéid gurb é an chéad uair do'n gComórtas a bheith á reachtáil sa cheantar seo agus más maith is mithid. Táim cinnte ón iarracht atá déanta ag muintir Chill tSéadhna go dtabharfaidh sé misneach do Chumainn sna Gaeltachtaí eile iarratas a dhéanamh chun an Comórtas a reachtáil ina gceanntair féin.

Is ócáid stairiúil í leis mar gur ar an láthair seo a chuirfear Laochra na Mílaoise in aithne dhíbh. Is Laochra an Chomórtais iad gan amhras ach d'fhéadfaí a rá go bhféadfaí trí fhoireann eile a roghnú as an liosta a cuireadh ós comhair na roghnóirí agus is laochra a bheadh iontu go léir.

Táimid thar a bheith buíoch do Cheannasaí agus foireann Raidió na Gaeltachta a d'eagraigh agus a dhein urraíocht ar Fhoireann Laochra na Mílaoise. Léiríonn sé an tsuim a bhí agus atá fós acu san Chomórtas.

Táimid ana bhuíoch do Mhuintir Chill tSéadhna a d'eagraigh an Comórtas dúinn i mbliana agus tá súil agam go mbeidh toradh fónta ar a gcuid saothair.

Ár mbuíochas chomh maith do gach éinne a bheidh ag cabhrú le linn na deireadh seachtaine – na réiteoirí agus a bhfóirne, na mná tí agus na maoir áitiúla.

Gabhaimíd buíochas leis na fóirne go léir ní amháin iad san a bheidh ag glacadh páirt le linn na deireadh seachtaine ach iad san a ghlac páirt le cúpla mí anuas.

Guím gach rath oraibh go léir agus tá súil agam go mbeidh deireadh seachtaine Gaelach taitneamhach agaibh agus go sroisfidh gach éinne an baile slán ag an deireadh.

*Tadhg Ó Gealbháin*
Béal Átha an Ghaorthaidh

Esat Digifone
*Príomhurra*



# Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste Áitiúil



*Risteárd Ó Coscara*

Ar son Chumann Chill tSéadhna cuirim céad míle fáilte romhaibh uilig chuig Comórtas Peile na Gaeltachta 2000, i gCeanntar Chill tSéadhna. Ócáid stairiúil é seo don Chlub.

Fearaimid fíorchaoin fáilte roimh na Foirne a bheas rannpháirteach, bainisteoirí, oifigigh, lucht leanúna, cuairteoirí agus cáirde go léir inár measc. Tá súil agam go mbainfidh sibh sult agus taitneamh as an deireadh seachtaine.

Táimid fíorbhuíoch do gach duine, go háirithe Coiste Náisiúnta an Chomórtais Peile an seans a thabhairt dúinn an Comórtas tábhachtach seo a rith agus tá súil againn go rachaidh sé ar aghaidh gan tuisliú agus go mbainfidh sibh sásamh as ár n-iarrachtaí.

Tá muintir Cill tSéadhna ag súil go mór leis an deireadh seachtaine seo agus táimid an-bhrodúil as ár gClub iontach atá in ann ócáid tábhachtach Náisiúnta mar an ceann seo a ghlacadh go háirithe an chéad Chomórtas Mílaoise agus déanfaimid gach iarracht é a rith go réidh.

Tá muid fíorbhuíoch do gach duine a bhí páirteach san obair seo, gach eagraíocht, coistí áitiúla, oifigigh, gach comhlucht, gach duine a bhí flaithiúil linn lena gcuid airgid, ama, fógraíochta agus urraíochta. Le muintir Cill tSéadhna gabhaimid ár mbuíochas, bhí siad thar a bheith cabhrach linn agus ar ndóigh is féidir an scéal céanna a chur níos fuide – thar an Chontae ar fad agus áiteanna éagsúla taobh amuigh den Chontae agus den tír.

Cuirimid fáilte roimh lucht na meáin chumarsáide, RnaG, TG4, nuachtáin agus raidió áitiúil, Oifigigh an Chomórtais, réiteoirí, Cáilíní Gaelacha agus cách. Guímid gach rath freisin ar na foirne go léir a ghlacfaidh páirt sna cluichí ag lorg onóir na hÉireann.

Mar chríoch tá lúcháir an tsaoil orainn sibh a bheith inár measc agus tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as bhur gcuairt agus go mbuailfimid lena chéile arís amach anseo.

Gach rath ar an gComórtas.

*Risteard Ó Coscara*
Cathaoirleach an Choiste Áitiúil

*Go n-éirí le foireann Cill tSéadhna sa Chomórtas.*
*Comhgháirdeas ar an ócáid.*

*ó*

**Western People**

***The leading newspaper in the region, bringing our news, views, pictures, sport and entertainment every week.***

***Top advertising medium for jobs, property, classifieds, etc.***

TUAIRISCIÚ IOMLÁN AR AN gCOMÓRTAS

BALLINA, CO. MAYO

Tel.: 096-21188 Fax: 096-70208

***Out Tuesday***



# Teachtaireacht ón Rúnaí Náisiúnta



*Mícheál Mac Donnchadha*

Údar spéise i gcónaí nead nua a bheith aimsithe ag Comórtas Peile na Gaeltachta, mar sin atá i mbliana agus muid i measc mhuintir Chill tSéadhna i gContae Mhaigh Eo. Tá súil agam gur údar mórtais agus mórghéis don phobal seo é reachtáil an Chomórtais. Tá muid ar ais i Maigh Eo don chéad uair ó 1987 agus mé ag súil gur fearrde C.L.G., Cill tSéadhna de bharr an deireadh seachtaine.

D'uireasa na hoibre a dhéanann na coistí áitiúla ba fánach ar an gComórtas, ní aon eisceacht coiste na háite seo atá ag réiteach go dícheallach le fada, tá luach a saothair tuillte acu.

Fáilte ar leith roimh *Laochra Gaeltachta na Mílaoise* – méadú ar ghradam an Chomórtais a bhuíochas do *Raidió na Gaeltachta.*

Tá mé ag tnúth le sárchoimhlint, dea-chomhluadar agus na cánúintí éagsúla i lár an aonaigh – ná dearmad tábhacht na Gaeilge – *ár raison d'être.*

*Mícheál Mac Donnchadha*



*[illegible] Chontae Mhaigh Eo – Buaiteoirí 1972.*

*Go n-éirí an t-ádh le*
*Cumann Lúthchleas Gael*
*Chill tSéadhna*
*agus gach rath ar*
*Chomórtas*
*Peile na Gaeltachta*
*2000*

*ó*

# PAUL McDERMOTT

M.V.B., M.R.C.V.S.

---

***Treidlia Beithíoch***

---

**BÓTHAR BÉAL AN ÁTHA,**
**CROIS MHAOILÍONA,**
**CO. MHAIGH EO**



# Focal Fáilte ó Uachtarán C.L.G. Chill tSéadhna

Ba mhaith liom céad míle fáilte a chur rómhaibh go léir a tháinig anseo chun a bheith páirteach i gCraobh Chomórtas Peile na Gaeltachta. Tá fáilte speisialta rómhaibh go parósite Chill tSéadna in Iar-Thuaisceart Mhuigh Eo. Tá súil agam go mbeimíd flaithiúil, cáirdiúil, agus cabhrach libh agus go mbeidh deireadh seachtaine taitneamhach agaibh anseo.

Le Mílaois nua á chomóradh againn, tá sé oiriúnach go bhféachaimís siar ar an éacht oibre atá déanta sa tír seo ag Cumann Lúthchleas Gael thar tréimhse níos mó ná dhá chéad bliain. Táimid go mór faoi chomaoin acu as ucht an tionchar atá ag cluichí lúthchleas Gael sa tír iomlán agus go háirithe sa phobal tuaithe. Cothaíonn sé spioráid sa phobal a thugann cúis bróid dúinn as ár gcluichí náisiúnta.

Le linn droch bhlianta na ndaicheadaí agus na gcaogaidí is é Cumann Lúthchleas Gael ar t-aon eagras a thug seans do go leor de phobal tuaithe na tíre a bheith páirteach in imeachtaí sóisialta agus spóirt. Tá súil agam go n-úsáidfimid ceachtanna ón ré sin le dóchas a thabhairt dúinn leanúint leis an dea-obair ins na blianta rómhainn. Táim ag súil leis na blianta atá rómhainn le misneach agus dóchas.

Tá go leor dul chun cinn déanta ag Cumann Lúthchleas Gael sa cheantar seo. Táimid that a bheith bródúil le dul chun cinn fóirne Chill tSéadhna an fhoireann sóisearach taréis buachaint sa chraobh chontae; an fhoireann sinsearach a bheith sa chluiche chontae leath-cheannais i 1997/98; tógáil seomra feistis agus halla spóirt.

Is onóir mhór do Chumann Lúthchleas Gael Chill tSéadhna deis a bheith againn a bheith páirteach in eagrú na gcluichí ceannais seo. Tá sár-obair déanta ag go leor daoine le réiteach don bhFéile seo. Déanaim comhgháirdeachas le baill an Chumainn, cúntóirí agus gach éinne a bhí páirteach san obair.

Is iontach go bhfuil na cluichí lúthchleas á n-imirt ag óige an phobail seo agus go bhfuil an oiread sin daoine ag freastal ar chluichí. Tá a structúr féin ag go leor cumainn anois agus bíonn comórtaisí inmheánacha sóisir acu féin ina mbíonn béim ar thaitneamh a bhaint as an gcluiche in áit a bheith in iomaíocht i gcónaí.

Ag an leibhéal sinsearach tá imreoirí againn atá sásta a gcuid ama a thabhairt le traenáil agus féin-smacht. Tá siad thar a bheith díograiseach agus réidh le comhoibriú le bainisteoirí, múinteoirí and roghnóirí. Ní baol ach go mbeidh torthaí ag an leibhéal sinsearach go luath.

Arís, cuirim fáilte rómhaibh go léir go dtí an pháirt álainn seo de Chontae Mhaigh Eo a bhfuil cáil air as iascaireacht, fiach agus na tránna áille atá sa cheantar. Is anseo a fuair an scríbhneoir John Millington Synge inspioráid ceann de na drámaí is cáiliúla a léiríodh san aois seo caite "The Playboy of the Western World" a scríobh.

Beannacht Dé oraibh go léir agus go n-éirí go geal libh. Bíodh an bua ag an bhfoireann is fearr !!!

*Brian Ó Conalláin S.P.*

# Tommy O'Hora & Son

## PRE-CAST CONCRETE PRODUCTS

- Rogha mór Crocaí Bláthanna
- Réamhstrus Fardoras
- Feadán Deataí Dúisithe
- Cludaí Simléar
- Cludaí Cé
- Cosáin Sábháilteach agus
- Cosáin Cuan
- Cuaillí agus Ráillí Claí
- Claí Sábháilteach
- Scagairí agus Teanntógaí
- Ornáidí Gáirdín
- Leac Phábála
- Leac Fuinneoga
- Clúdaí Ballaí
- Bálastráid
- Cosáin
- Cuaillí Claí
- Trach Uisce
- Cuaillí Eanga
- Cuaillí Coincréiteach

**RATHNACONEEN, FOXFORD ROAD, BALLINA**

Tel.: 096-70094 Fax: 096-72045 Mobile: 087-2337961

*Gach rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta 2000 i gCill tSéadhna*

# Frank Healy



***Seirbhís Seachadóir Gléas Cuisnithe***

***Gníomhaire Táirgeadh Déiríochta N.C.F.***

**CARNE, BÉAL AN MHUIRTHEAD**

Fón: 097-81341




# Teachtaireacht ó Éamon Ó Cuív T.D.

## *Aire Stáit, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán*



*Éamon Ó Cuív*

Tá an-áthas orm tréaslú leis an sár obair atá déanta ag an gcoiste ag eagrú Cluichí Ceannais Chomórtas Peile na Gaeltachta 2000. Ócáid speisialta a bhíonn sa gComórtas seo i gcónaí ó reachtáladh é don chéad uair i 1969 agus is féidir a rá go bhfuil tábhacht speisialta leis an gcomórtas i mbliana i gcéad bhliain an mílaoise nua.

Bíonn an comórtas difriúil ó chomórtaisí eile mar bíonn an oiread céanna béime ar an gcaidreamh sóisialta agus a bhíonn ar an bpeil go minic. Buaileann daoine le chéile ag an gcomórtas seo bliain i ndiaidh bliana nach mbuaileann le chéile ag aon ócáid eile.

Spreagann an comórtas seo mórtas agus bród i ndaoine as a n-oidhreacht féin, as a gcanúint féin agus as a gceantar féin. Tá ar na himreoirí ionadaíocht a dhéanamh thar cheann a gcumann agus a gcontaetha ag an bhféile seo. Léirítear é sin go soiléir nuair a fheiceann muid réalta Chumann Lúthchleas Gael, a bhfuil aithne náisiúnta orthu anseo.

Láidríonn an teacht le chéile seo pobal Chumann Lúthchleas Gael na nGaeltachtaí agus an Ghaeilge. Tugann sé deis do mhuintir na nGaeltachtaí beaga a thaispeáint go bhfuil an teanga Ghaeilge á labhairt mar theanga pobail i gcónaí mar a bhíodh ag a sinsir.

Tá buíochas ag dul do Raidió na Gaeltachta agus do Theilifís na Gaeilge a thugann deis don dream nach bhfuil ar a gcumas taisteal go dtí na cluichí féin taitneamh a bhaint astu agus iad ag baile.

Tréaslaím le Cumann Lúthchleas Gael agus leis an gcoiste áitiúil atá i mbun an chomórtais a eagrú agus guím gach rath ar na foirne a bhéas ag glacadh páirt thar an deireadh seachtaine agus tá súil agam go mbeidh fíor dheireadh seachtaine Gaelach i gCill tSéadhna. Is ceantar é seo atá ar imeall na Gaeltachta agus is údar dóchais dom don todhchaí an spéis atá á léiriú anois ag na ceantracha laga Gaeltachta sa nGaeilge agus san Dúchas. Le búnú Coimisiún na Gaeltachta sí mo ghuí go bhfeicfidh an mhílaois nua borradh nua faoi theanga ar sinsear – an Ghaeilge.

*Éamon Ó Cuív, T.D.*

*Gach rath agus aimsir mhaith don gComórtas ó*

**An Builín Blásta – O'Donoghue's Bakery**

FULL RANGE OF BREAD, ROLLS, WHEATGERM & BRACKS DAILY

4 Generations of Service

***Fresh Cream Black Forest, Pineapple Gateau etc.***
***Cakes made to order for all special occasions***
***Designer Wedding Cakes, Birthday Cakes***
***Get our special price on Partyline . . .***
***Birthdays, Stations, Coming Home Parties etc.***

**HEALTHFOOD SHOP**

**BÉAL AN MHUIRTHEAD, CO. MHAIGH EO**

Fón: 097-81082

***• By buying our products you are supporting jobs in Erris •***



*Gach rath ar an gComórtas agus ar fhoireann*
*Chill tSéadhna ó*

**Mick Byrne**

***'Best-known Sports Pub in the West'***

**MAIN STREET, CASTLEBAR,**
**CO. MAYO**

Fón: 094-21561

***(or just ask anybody)***




# Teachtaireacht ó Uachtaráin C.L.G.



*Seán Mac Thaidhg*

Ba mhaith liom mo bheannachtaí a sheoladh go Comórtas Peile na Gaeltachta, Cill tSéadhna, Co. Mhaigh Eo, i mbliain na Mílaoise. Ba mhaith liom fíor-fháilte a chur roimh muintir na Gaeltachta go Cill tSéadhna le h-aghaidh Comórtas Peile na Gaeltachta.

Ócáid mhór é don cheantar go bhfuil an Comórtas ar siúl anseo. Tá súil agam go mbainfidh gach duine taitneamh agus sásamh as an deireadh seachtaine.

Gabhaim buíochas chomh maith le gach éinne eile a bheidh ag cabhrú an deireadh seachtaine seo – ár réiteoirí, na foirne agus na mná tí a osclaíonn a gcuid tithe dúinn agus a chuireann ana-fháilte rómhainn.

Arís molaim bhur n-iarrachtaí, fáiltím roimh ár gcuairteoirí agus guím go mbeidh ard dheireadh seachtaine i gceantar Cill tSéadhna agus muid ag súil le cluichí chroíúla spóirtiúla ó fhoirne éagsúla na Gaeltachta.

*Seán Mac Thaidhg*
Uachtarán C.L.G.



*Buaiteoirí Léig Mhaigh Eo 1994 – Faoi 12.*

*Comhgháirdeas le Club Cill tSéadhna agus ar an gComórtas Peile 2000*

*ó*

# T. J. GAUGHAN



**BUILDING CONTRACTOR**



**WESTPORT ROAD, CASTLEBAR, CO. MAYO**

Fón: 094-23318



# An Garda Síochána



*Johnny Carey*

Cuireann sé áthas ormsa gur iarradh orm cúpla focal a scríobh faoi Chomórtas Peile na Gaeltachta. Fearaim fíorchaoin fáilte roimh an gComórtas atá ag dul ar aghaidh i mo Pharóiste dúchasach Cill tSéadhna.

Smaoinim le grá ar an Chomórtas sa gCeathrú Rua, Co. na Gaillimhe i 1973. D'imir mé le foireann Thuar Mhic Éadaigh agus bhuamar an Comórtas Sinsir. D'imir Risteard Ó Coscara, Pádraic Ó Corragáin agus Mícheál Ó Ciarán ó fhoireann Chill tSéadhna liom sa Chomórtas sin.

Tá Comórtas Peile na Gaeltachta ag dul i dtreise agus i méid agus táimid an-bhrodúil bheith páirteach ann.

Mar fhocail scoir guím gach rath ar an Chomórtas agus bíodh an bua ag an fhoireann is fearr ! ! !

Comhghairdeas arís le Cumann Chill tSéadhna táimid an-bhrodúil asaibh.

*Johnny Carey*
Árd-Cheannfort



***An fhoireann a thug Corn Delap go Tuar Mhic Éadaigh tar éis a bhuachaint ar an gCeathrú Rua.***
*Ar chúl ó chlé: Pádraig Ó Neachtáin, Seán Ó Ciarraí, Pádraig Ó Corragán, Tomás Ó hÉanacháin, Mícheál De Búrca, Uinsionn Ó hIonghaile, Breandán Ó hÉanacháin, Risteárd Ó Cosgaire, Gearóid Ó Maolrúnaigh, Mícheál Ó Ciarraí.*
*Chun tosaigh ó chlé: Brian Ó Fallúin, Tomás Ó Rónáin, Gearóid Ó Máille, Caoimhín Mac Diarmada, Cathal Ó Dónall, Seán Ó Sé, Seosamh de Brún, Gearóid Ó Fianaigh, Tomás Ó Máille, Mícheál Ó Flanaire, Liam Ó hIonghaile.*

*Go n-éirí go geal le Comórtas Peile na Gaeltachta*

*i gCill tSéadhna*

*ó*

QUINN

GROUP

***Manufacturers of:***

CEMENT

TARMAC

CONTAINER GLASS

CONCRETE ROOFTILES

PRESTRESSED CONCRETE

LIGHTWEIGHT THERMAL BLOCKS

QUARRY & CONCRETE PRODUCTS

EXPANDED POLYSTYRENE FOR INSULATION

**DERRYLIN, CO. FERMANAGH,**

**NORTHERN IRELAND, BT92 9AU**

Tel: 028-677 48866 Fax: 028-677 48800

From Republic of Ireland prefix 048



# Barúntacht Iorrais




# Foireann Mílaoise na Gaeltachta

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Mícheál Ó Críodáin | Naomh Aban | Corcaigh |
| 2. | Páidí Ó Sé | An Ghaeltacht | Ciarraí |
| 3. | Seán Seosamh Ó Dochartaigh | Naomh Columba | Dún na nGall |
| 4. | Mícheál Ó Scanaill | Naomh Aban | Corcaigh |
| 5. | Seán Óg de Paor | An Cheathrú Rua | Gaillimh |
| 6. | Mícheál Ó Sé | An Ghaeltacht | Ciarraí |
| 7. | Antoin Ó Cearbhaill | Gaoth Dobhair | Dún na nGall |
| 8. | Diarmuid Ó Loinsigh | Naomh Aban | Corcaigh |
| 9. | Liam Seosamh Mac Pháidín | Béal a' Mhuirthid | Muigh Eo |
| 10. | Dara Ó Cinnéide | An Ghaeltacht | Ciarraí |
| 11. | Máirtín Mac Aodha | Cill Chartha | Dún na nGall |
| 12. | Aodh Mac Laifeartaigh | Na Dúnaibh | Dún na nGall |
| 13. | Stiofán Seoighe | Naomh Pádraig | Gaillimh |
| 14. | Seán Ó Drisceoil | Béal Átha an Ghaothraigh | Corcaigh |
| 15. | Niall Ó Gallchóir | Gaoth Dobhair | Dún na nGall |

# Peil, Roilleadh agus Rúscadh!

*(Sliocht as "Pádhraic Mháire Bhán" le Seán Ó Ruadháin)*
*Le caoinhchead ó AN GÚM.*

Ní raibh aon lá i Log an tSearraigh le cuimhne na ndaoine chomh mór leis an lá a raibh an cluiche peile ann. Comórtas a bhí ann idir muintir na háite agus buachaillí siopa Bhéal an Mhuirthead agus bhíothas ag fáil faoi réir faoina chomhair le dhá mhí roimhe sin.

I ndumhaigh Log an tSearraigh a bhí an comórtas. Áit ní ba dheise nó ní b'fheiliúnaí ní raibh le fáil thart sna himeachta. Machaire mór gainimh a bhféadfaí cath a bhualadh ann, agus na biollaí móra faoina gcuid mong glas muiríní idir tú agus farraige. Cuan an Fhóid Duibh ag síneadh uait siar agus olagón na dtonn go gcuirfeadh siad na cuacha a chodladh lena gceol brónach. B'aoibhinn féin an áit é.

Bhí an dea-theagasc faighte ag muintir an bhaile ó thoisigh siad ag cleachtadh. Tadhg Rua a bhí ina chaptaen orthu. Ba é a chuir tús leis an gcumann peile ar an mbaile i dtoiseach. Bhí sé i ndiaidh a trí nó a ceathair de bhlianta a chaitheamh in Albain, ag obair ar oibreacha poiblí, agus b'ann a d'fhoghlaim sé an cluiche.

Bhí na trí pharáiste cruinn ann, ó dhuine liath go leanbh agus faobhar ar gach duine acu. Cér bith súisín a d'íocfadh é chaithfí gan an chraobh a ligean le muintir Bhéal an Mhuirthead.

Thoisigh an cluiche. Bhí gach fear socraithe ina áit féin ag Tadhg Rua agus ordú ag gach duine acu céard a dhéanfadh sé. Bhí geallta ar fad acu go ndéanfadh siad de réir mar ordaíodh dóibh roimh ré, mar nach raibh Tadhg Rua saor gan scáfaireacht a bheith air go mbeadh ruaille buaille ann nuair a thoiseodh an imirt ag géarú. Ní i bhfad uaidh a chonaic sé an t-ábhar.

Frainc Bhilí an cúl báire a bhí ag muintir Log an tSearraigh, agus bhí air a áit féin a fhaire, ach gan dul isteach san imirt thairis sin. Bhí an dá scór go maith sáraithe ag Frainc. Péire bróg tairní a bhí air – seacht líne tairní i ngach bróig – agus bríste de chorda an rí. Báinín mór a bhí á chaitheamh air, na muinchillí craptha suas, agus téad chnáibe aniar faoina lár. Nuair a caitheadh isteach an liathróid chuimil sé a dhá bhois dá chéile mar bheadh duine ann a bheadh ag snoí tobac, thiontaigh siar píce an bhairéid, agus chuir gach cosúlacht air féin go raibh faoi gníomhartha móra gaisce a dhéanamh sula mbeadh an cluiche thart.

Ní túisce a caitheadh isteach an liathróid ná d'ionsaigh 'tuar ceatha' de bhuachaill siopa as Béal an Mhuirthead í agus thug speach di. Chuir den iarraidh sin chomh fada le duine eile dá dhream féin í. Bhí an liathróid ansin síos go maith in íochtar an mhachaire. Ba bheag eile a chuirfeadh amach thar an ngóraí í. Thoisigh muintir Log an tSearraigh ag éirí imníoch. Bhí faghairt i súile Frainc Bhilí. Chrom sé anuas agus chuir a dhá bhois ar a dhá ghlúin mar bheadh duine ann a bheadh ag dul ag rith rása.



Speach eile agus bhí an liathróid ag dul amach ós a chionn. D'éirigh sé de léim agus choisc sé í lena láimh, agus mura raibh gártha áthais agus bualadh bos ann ní lá go maidin é.

Ach nuair a fuair sé greim ar an liathróid níor scar sé léi. Chuir faoina ascaill í, agus as go brách leis síos an machaire, agus gach duine dá raibh sa gcluiche ina dhiaidh. Tháinig an 'tuar ceatha' as Béal an Mhuirthead roimhe le cosc a chur air, ach b'in a raibh ar a shon aige. Chuir Frainc guala leis agus chaith sé seacht slat uaidh é, mar chaithfeá punann choirce.

D'ionsaigh duine agus duine eile é. Bhí an dá thaobh measctha ar fud a chéile, ach níorbh í an liathróid a bhí ag cur imní orthu. Bhí gach duine ag speachadh ar theann a dhíchill, agus ba chuma leo céard a thiocfadh ina mbealach, liathróid, nó gaineamh, nó cos duine.

Bhí gárthaíl agus coscairt agus tuargain ar siúl, agus ceo gainimh éirithe thart timpeall ar lucht an chluiche ionas nárbh fhéidir déanamh amach cén taobh a raibh ag éirí leis. An mhuintir a bhí taobh amuigh den teorainn cheap siad nach raibh a sáith den spórt acu féin agus thoisigh siad ag brú isteach. Ba ghearr go raibh siad sa rúscadh agus sa roilleadh a bhí ar siúl – an áit ba tiubh ba tanaí idir an dá thaobh.

B'éigean deireadh a chur leis an imirt. Ní raibh ach triúr de mhuintir an bhaile mhóir a bhí in ann siúl. B'éigean an chuid eile a iompar. Bhí luí seachtaine ar chuid acu. Ach bhí áthas ar mhuintir Log an tSearraigh.

Nuair ba theinne a bhí an treascairt ann bhí Pádhraic Mháire Bhán agus Micilín Pheait i measc an tslua a bhí taobh amuigh agus a gcroí amuigh ar a mbéal le himní ar fhaitíos go mbuailfí muintir an bhaile s'acu féin – daoine ag liúirigh agus ag béicigh, tuilleadh ag seasamh ar bharr a gcos ag iarraidh radharc maith a fháil.

Ní raibh léamh ar an ollghairdeas a bhí ar fud an bhaile an tráthnóna sin agus go ceann seachtaine ina dhiaidh. Ba é Frainc Bhilí ba mhó a raibh a ainm i mbéal gach duine de bharr an lae, agus chrochadar leo ar a nguailleacha é de mhachaire an dúsláin mar bheadh laoch mór nó gaiscíoch cróga ann. Níor tharla aon timpist do thaobh Log an tSearraigh ach Dáithí an tSléibhe a chaill clárfhiacail sa rúscadh.

*Comhgháirdeas le CLG Cill tSéadhna ó*

**Munster Joinery Ltd.**

***The Professionals You Can Trust***

**BALLYDESMOND, CO. CORK**

Fón: 064-51151 Fax: 064-51311/51423

**BRANCHES AT DUBLIN AND TRALEE**

*Go n-éirí an t-ádh le Cill tSéadhna sa Chomórtas ó*

# SIZZLERS

## *Take Away & Proinnteach*

**• Sceallóga, Iasc, Ispíní, Sícín, Burgers, Feoil, Tae agus Anraith •**

***Buail isteach go dtí Breda agus Paddy agus gheobhaidh tú an béile is fearr ag an praghas ceart.***

**RIARTHÓIRÍ DO**

COISIR, BÉILE FUAR, BRICFEASTA, LÓIN AGUS DINNÉIR

*Comhgháirdeas le Club Cill tSéadhna ó*

# Erris Electrical & Sheer Elegance

**JOHN SWEENEY & ANN GERAGHTY**

***Conraitheoir Leictreach – Cláraithe, Ball: R.E.C.I.***

***Gruagaireacht – 'Sheer Elegance'***

**BARRACK STREET, BÉAL AN MHUIRTHEAD, BÉAL AN ÁTHA, CO. MHAIGH EO**

Fón: 097-81016



# Comórtas Peile na Gaeltachta 2000

## Cill tSéadhna



***Liosta de na himreoirí:***

1. Deaglan Ó Conbhuí
2. Seán Ó Conbhuí
3. Seán Mac Suibhne
4. Seán Ó Cuideagáin
5. Seán Ó Scannaill
6. Páraic Mac Aindriú
7. Liam Ó Taidgh
8. Páraic S. Ó Maolalaí
9. Daithí Mac Suibhne
10. Daithí Ó Ciardha
11. Oilibhear Ó Muinghille
12. Demetri Ó Dochartaigh
13. Máirtín Bairéad
14. Antoine Ó Mhuinghille
15. Ealbhaid Ó Aoráin
16. Máirtín Ó Dochartaigh
17. Keith Ó hAille
18. Ealbhaid Bairéad
19. Shaen Ó Loinseacháin
20. Daithí Ó Gacháin
21. Cionnaith Ó Mhongá
22. Páraic Ó Loinseacháin
23. Seán Ó Coscaire
24. Ciarán Bairéad
25. Seán Ó Conbhuí
26. Micheál Ó Gacháin
27. Pól Ó Conbhuí
28. Colm Bairéad
29. Daithí Bairéad
30. Alan Ó Cabhail
31. Brian Ó hAille
32. Micheál Bairéad
33. Seosaidh Ó Loinseacháin
34. Keith Mac an tSaor
35. Ciarán Ó Leanacháin

***Bainisteoir:*** Risteard Ó Coscair; ***Roghnóirí:*** Máirtín Ó Dochartaigh, Páraic S. Ó Ciardha; ***Traenálaithe:*** Oilibhéar Ó Mhuighille, Máirtín Ó Dochartaigh; ***Captaen:*** Séan Mac Suibhne.

# Na Foirne Sóisir

# Móindearg, Londain

Bhí Móindearg bunaithe in 1973 mar cumann peile. Íomaint amháin a bhí sa gcumann roimhe seo. Cé go tháinig deireadh leis an iomáint í 1976, chuaigh an pheil ó chumhacht go cumhacht. Tháinig an chéad onóir peile i 1976 leis an corn peile sóisearach. In éineacht leis an onóir seo, tháinig an léig idirmheánach i 1980, an corn peile idirmheánach i 1982, agus na corn peile sinsearach i 1984. Buaileadh Móindearg sa gcluiche ceannais an bliain dár gcionn ach bhain siad an ceann is fearr amach sa Léig. Bhí an cumann an-láidir ag an am seo, agus is as seo a bunaíodh na South & O'Hanlons a thóg páirt i gcomórtas peile go minic. Ins sa nochadaí, leis an méid imreoirí ag teacht go Londain ag laghdú agus go leor daoine ag filleadh abhaile, tháinig Móindearg agus na Souths le chéile arís. Ó a tharla go raibh formhór go na Souths as Conamara, thug siad aghaidh ar an Comórtas Peile na Gaeltachta an bhliain dár gcionn, agus tá an cumann an-bhródúil as ucht foireann a thabhairt go dtí an comórtas cheithre bhliain as a chéile. I mbliana chuaigh Móindearg i bpáirtí le foireann eile bunaithe ar imreoirí as iarthar na tíre, na Western Exiles. Tá an cumann uile ag súil an taitneamh a bhaint as an gcomórtas i mbliana i Mhaigh Eo.

***Liosta de na himreoirí:***

Pádraic Breathnach (Tuar Mhic Éadaigh)
Mark Devine (Maigh Eo)
Mark Fagan (Iarmhí)
Pat Ginty (Maigh Eo)
Frank Kane (Maigh Eo)
John Kilbane (Gaillimh)
Pádraic MacDonnchadha (Gaillimh)
Paddy Mead (Lú)
Micheál Ó Conaire (Gaillimh)
Críostóir Ó Muirí (Mí)
Pat Quirke (Corcaigh)
Roger Ryan (Tiobráid Árann)
Wayne Sherlock (Mí)
Mike Ward (Gaillimh)
Jeremy Clare (Mí)
Dennis Dowling (Cill Dara)
Mark Foyle (Gaillimhe)
Declan Guiney, Capt. (Corcaigh)
Willie Kavanaugh (Luimneach)
Evan Lester (Baile Átha Cliath)
Seán MacDonnchadha (Gaillimh)
Peter Mulligan (Longford)
Aonghus Ó Curraidhín (Gaillimh)
Pól Ó Mainín (Gaillimh)
Shane Quirke (Corcaigh)
Pat Scanlon (Maigh Eo)
Pádraic Seoighe (Gaillimh)

***Liosta de na Bainisteoirí:*** Pakie Grialais (Gaillimh); Micheál Ó Gannúin (Gaillimh); John Ó Máille (Maigh Eo); Micheál MacManus (Fear Manach); Dessie MacDiarmada (Fear Manach); John Ó Máille (Maigh Eo).





# C.L.G. Na nDúnaibh



Is sráidbhaile beag i leathinis Ros Goill i dTuaisceart Thír Chonaill atá sna Dúnaibh. Is Gaeltacht bheag atá i Ros Goill, le fiabhras na himirce á chrá agus a chiapadh.

Bunaíodh Fó – Chumann na nDúnaibh sa mbliain 1937. Ba foireann sóisear a bhí againn suas go dtí 1946, an chéad bhliain a bhain muid Craobh Peile na Contae. Chuir muid foireann sinsear na páirce i 1949 ach bhí muid sóisear arís i 1950. Thit an Fó – Chumann as a chéile idir na blianta 1951 – 1954, le cibé peileadóir a bhí againn ag imirt dá gcomharsanaigh, foireann an Chraoslaigh.

Athbhunaíodh an Fó – Chumann agus an foireann sóisear i 1954 agus bhain muid Corn Mhic a'Bhaird sa ghrád sin cúig bliana as a chéile (1954 – 1958) agus Craobh Sóisear na Contae i 1957. Sa mbliain 1965 rinne muid an cleamhnas a ba fhaide a mhair nuair a bhunaigh muid féin agus Leithinis Fhanaide ar an taobh eile de Chaol na Maolruaidhe foireann Gheall na Maolruaidhe ní raibh de thoradh ar an gcleamhnas seo ach Craobh sóisear na Contae i 1966.

Bhí a sáigh den chónscaid agus den choiscaradh feichte ag na Dúnaibh faoi

seo, agus sa mbliain 1977 chuaigh muid sóisear leo féin arís. Bhain muid an Chraobh an bhliain céanna. I 1981 bhain muid Comórtas Peile Sóisear na Gaeltachta i dTír Chonaill agus Craobh Idirmhéanach na Contae don chéad uair. Chuir muid lena gcliú go mór nuair a bhuaidh muid Corn Gaeil-Linn i bPáirc an Bhreathnaigh, Indreabhán. I 1982 rinne muid Corn Gaeil-Linn a athcheapú i nGaoth Dobhair indhiadh Cloich Ceannfhaola a bhuaileadh sa chluiche ceannais.

Sa bhliain 1983 bhí foireann sinsir againn agus an chéad foireann as na Dúnaibh a bhain Corn Mhic ítigean agus b'in an chéad uair riamh a tháinig craobh sinsir arais 'un na paróiste. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin bhain muid Craobh na hÉireann i nGaoth Dobhair, ag fáil láimh an uachtair ar Bhéal Áth an Mhuirthéad sa chluiche ceannais.

I 1988 agus 1993 bhain muid Craobh Idirmhéanach na Contae. I mbliana tá muid ag imirt i Roinn 3 de Sraith na Contae agus tar éis Comórtas Peil Sóisear na Gaeltachta i dTír Chonaill a bhaint i ndiaidh An Clochán Liath a bhuaileadh i dTamhnaigh.

Mar sin tá muid ag feitheamh go luachaireach agus go dochasach le Comórtas Peile na Gaeltachta, 2000, i gCo. Mhaigh Eo.

Oifigigh an Chumainn:
*Uachtarán:* Mícheál Ó Gallachóir
*cathaoirleach:* Lughaidh Ó Buaidh
*Leas-Chathaoirleach:* Pádraig Ó Bródaigh
*Rúnaí:* Pádraig Mac Giolla Bhríde
*Cisteoir:* Risteoir Ó Coinníollach
*Oifigeach Poiblí:* Aonghus Mac Láifeartaigh
*Bainisteoir Foirne:* Aodh Mac Láifeartaigh
*Captaen na Foirne:* Caoimhín Ó Gallachóir

Esat Digifone™

***Príomhurra***





# An Ghaeltacht, Ráth Cairn, Co. na Mí



Bunaíodh an Cumann i 1977. Ghlacamar páirt i gCraobh Sóisir C na Mí ó 1977 go dtí 1983 nuair a bhuamar an chraobh. Ó shin i leith táimid ag glacadh páirt i gCraobh Sóisir A agus Srath A an chontae. Táimid páirteach i gComórtas Peile na Gaeltachta ó 1977 agus d'írigh linn an Chraobh Sóisir a bhuacaint faoi dhó. Sé sin ar an gCeathrú Rua i 1988 agus i 1993 nuair a bhí an comórtas a reachtáil againn i Ráth Cairn.

Is iad na roghnóirí Pádraic Seoighe, Tomás Ó Tiomóin agus Séan Mac Donncha. Is é Seán de Barra traenálaí an fhoireann. Is iad seo oifigigh an Chumainn, Cathaoirleach, Tomás Ó Conaire; Rúnaí, Pádraig Ó Chonghaile; Cisteoir, Seán MacDonncha; Oifigeach Caidrimh Poiblí, Dáithí Ó Sioradáin. Guímid gach rath ar chomórtas na bliana seo i gCill tSéadhna.

***An Fhoireann:***
1. Mícheál Mac an Fhaillí
2. Mícheál Ó Tiomóin
3. Seosamh Mac Donncha
4. Pól Ó Connaill
5. Pádraig de Róiste
6. Éamon Mac Donncha
7. Nollag Mac Siomóin
8. Barra Mac Fhearghusa
9. Dominic Ó Máirtín
10. Ciarán Ó Súilleabháin
11. Piaras Mac Fhearghusa
12. Mícheál Ó Súilleabháin
13. Feargal Mac Donncha
14. Tomás Ó Cainigh
15. Pádraig Mac an Fhaillí
16. Niall Ó hÉanaí
17. Tomás Ó Tiomóin
18. Stiofán Ó Laoi
19. Seán Ó Fathartha
20. Pádraig Ó Rachnainn
21. Séamus Ó Haoláin
22. Seaffraidh Mac an Rí

# Cumann Mícheál Breathnach



Tá Cumann Mhichil Bhreathnaigh thar a bheith ríméadach deis a fháil a bheith páirteach i gComórtas Peile na Gaeltachta arís i mbliana, go háirithe mar go dtéann ceangal an Chumainn leis an gComórtas siar chomh fada le bliain a bhunaithe – 1969, nuair a chuir Miccheál Breathnach foireann go Gaoth Dobhair.

In omós an scríbhneora den ainm céanna a rugadh i mbaile fearainn an Locháin Bhig, tuairim míle siar ón áit a bhfuil an imirt á dhéanamh, atá an Cumann ainmnithe. Limistéar pharóiste an Chnoic atá faoi, ó dhroichead an Spidéil siar bóthar Chois Fharraige go sroichfidh tú cúpla míle taobh thiar de chrosbhóthar na Tulaigh.

Nuair a bunaíodh an Cumann 50 bliain ó shoin, bhí limistéar i bhfad níos leithne faoi, an chuid ba mhó de dheisceart Chonamara i ndáiríre agus ní raibh siad ach trí bliana ar an mbóthar nuair a bhuaigh siad Craobh Shóisir Peile na Gaillimhe. Bhuaigh siad an craobh arís sa mbliain 1954.

De réir a chéile thosaigh na paróistí eile i gConamara ag cur fóirne chun páirc iad fhéin agus thosaigh Micheál Breathnach ag dul i léig nó gur thit siad as a





# Cumann Mícheál Breathnach

chéile ar fad i 1962. Ach athbhunaíodh an Cumann arís i 1967 agus dhá bhliain ina dhiaidh sin bhuaigh siad Sraith an Iarthair, éacht atá déanta acu go minic ó shoin.

An ghaisce is mó a rinne peileadóirí an Chumainn iad is dóigh gur bhuaigh siad Corn Shóisir Chomórtas Peile na Gaeltachta i 1996 chomh maith lena mbua i gCraobh an Chontae i ngrád na mionúir sna blianta 1976 agus 1977.

Sa roinn Sóisir A atá peileadóirí an Chumainn le cúola bliain anois, bhíodar sa ngrád idirmheánach roimhe sin agus bíonn fóirne acu faoi aois sa bpeil ó Faoi 10 suas go dtí Faoi 21 agus foireann tacaíochta Sóisir C agus le blianta beaga anuas tá fóirne iomána ag dul chun páirce freisin.

***Liosta imreoirí – Cumann Mícheál Breathnach***

| | | |
|---|---|---|
| Cathal Mac Tiarnáin | Martán Ó Conghaile | Rónán Ó Conghaile |
| Aodán Mac Cormaic | Stiofán Ó Coisdealbha | Máirtín Ó Bia |
| Máirtín Ó Fatharta | Donnacha Ó Conghaile | Tadhg Ó Curraidhin |
| Dónal Ó Curraoin | Pádraic Ó Márta | Antoine Ó Loinsigh |
| Philib Ó Coisdealbha | Stiofán Ó Mainnín | Pádraic Ó Gríofa |
| Dáithí Beaglaoich | Seámus Ó Conghaile | Aodán Ó Fatharta |
| Pól Ó Curraoin | Pádraic Mac Eochagáin | Seán MacEochagáin |
| Barraí Ó Conghaile | Fergal Mac Diarmada | Ciarán Ó Cadhain |
| Mícheál Breathnach | Mícheál Ó Braonáin | Rónán Ó Coisdealbha |

Esat Digifone™

***Príomhurra***

# Tuar Mhic Éadaigh



Bunaíodh an Cumann i 1965. Tá an dul chun cinn agus forbairt déanta ag an gCumann ó shin. Bhuaigh an Cumann an chéad chorn i 1979, sé sin Craobh Shóisir Mhaigh Eo, tar éis turas mór go dtí Meiriceá. Bhuaigh siad Comórtas Peile na Gaeltachta i 1973 and 1983. Bhuaigh an Cumann Croabh Idirmheánach Mhaigh Eo i 1983. Bhuaidh siad Craobh seachtar a'Taobh Sinsear i 1984. Tar éis cupla bliain bhí orthu dul ar ais go dtí an roinn sóirsir. Bhuaigh siad Craobh Sóisear Mhaigh Eo 1998 agus Craobh Sóisear Chonnacht 1998. Bhuaigh siad Craobh "B" F21 Mhaighe Eo i 1999.

I 1984 oscaíodh páirc nua agus seomraí feisteas breá. Na ceantair ar a ndéanann sé freastal ná Tuar Mhic Éadaigh agus Partaí. Tá foireann an-óg ag Tuar Mhic Éadaigh faoi láthair.

Tá peil na gcailíní an-láidir sa cheantar freisin agus roinnt comórtaisí buaite acu, ina measc Craobh Sóisir Peile Mhaigh Eo i 1994. Tá seachtar cailín ag imirt le foireann an chontae faoi láthair agus bhí ceathrar acu ag imirt ar foireann a bhuaigh Craobh na hEireann anuraidh.

Bhuaigh Meánscoil Thuar Mhic Éadaigh Craobh Chonnachta Sinsir & Sóisir "D" i 1998.

**Oifigigh:** *Cathaoirleach* – Caoimhin Ó Tuathail; *Rúnaí* – Brian Mac Giobúin; *Cisteoir* – Máirtín Ó Néill; *O.C.P.* – Micheál S. Ó Cathasaigh.

**Liosta Imreoirí**

Dónal Ó Luideáin, Gearóid Ó Luideáín, Stíofán Ó hÉanacháin, Pádraigh Ó hÉanacháin, Micheál Seán Breathnach, Dáithí Mac Giobúin, Micheál Séamas Ó Muineacháin, Brendán de Priondargást, Seán Ó Luideáin, Seán Ó hÉanacháin, Tomás Ó Rónáin, Tomás Ó Neachtain, Seosamh Ó hÉanacháin, Micheál Standún, Ciarán Breathnach, Damien Ó hÉanacháin, Seán Ó Farrachair, Micheál Ó Néill, Dáithí Ó Luideáin, Brian Ó Neachtain, Adrian Ó Doláin, Ruairí O Conaire.



Comórtas Peile na Gaeltachta 2000

# Chill na Martra



Tá peil á imirt thart ar dhúthaigh Chill na Martra agus Ré na nDoirí ó dheire na naoú aoise déag. Tá fianaise ann gur imríodh cluiche – 21 an taobh – idir Cill na Martra agus Achadh Aidhneach (paróiste eile sa chomharsanacht) an éigin roimh tosach na fichiú aoise.

Bhíodh peil á imirt ar bhonn eagartha sna fichidí. Tá a fhios againn gur ghlac fóirne ón bparóiste páirt i gcomórtaisí éagsúla i lár na bhfichidí.

Chuaigh an cumann i léig sna triochadaí ach tháinig aithbheochan air arís ins na dachadaí. I dtosach na gcaogadaí tháinig sagart óg – an tAth. Ó Broin – go dtí an paróiste. Thosaigh seisean ag gabháil don pheil leis na daoine óga sa bhunscoil.

B'é an toradh a bhí ar a chuid oibre ná gur ghlac an club páirt i gcraobhchluichí Mhúscraí – fé ló sa bhliain 1957; mionúr sa bhliain 1959; agus sóisear sna blianta 1958 agus 1964.

I lár na seascadái bhí foireann thar barr sóisearach 'seachtar an taobh' ag Cill na Martra. Is annamh a buadh orthu sa tsaghas san comórtais idir 1962 agus 1966. Bhí tréimhse lag eile ag an gclub ina dhiaidh sin, agus ag lár na seachtóidí ba bheah nach raibh an cumann ritithe as a chéile ar fad.

Ach, arís, tháinig aithbheochan ar an gclub. Thart ar dheire na seachtóidí agus tosach na n-ochtóidí, deineadh a lán oibre leis an aos óg agus chothaíodh sprid nua ina measc. B'é toradh na hoibre sin ná gur baineadh Craobh Mhúscraí amach don chéad uair riamh i stair an chumainn sa pheil sóisearach 'B' sa bhliain 1985.

# Chill na Martra

T'éis an bua sin, thugamar fé páirc imeartha a sholáthar dúinn féin. 'Sna blianta deiridh des na hochtóidí, agus 'sna blianta tosaigh des na nóchaidí deineadh páirc nua a fhorbairt, agus tógadh seomraí gléasta agus pinniúir liathróid láimhe. Osclófar í go hoifigiúil i mí Iúil na bliana seo.

Tá borradh iontach tagaithe ar chúrsaí peile sa pharóiste ó chuireadh an pháirc ar fáil. Ó 1996 i leith, tá craobh Mhúscraí bainte amach ag gach aois-ghrúpa ag club na n-óg. Tea craobh mionúir Mhúscraí (fé dhó) agus craobh mionúir an chontae bainte amach againn, chomh maith le craobh Mhúscraí fé-21. Tá Corn Mhúscraí buaite fé dhó ag an bhfoireann sóisearach, agus bhí an mí-ádh orthu anuraidh gur chailleadar craobh-chluiche Mhúscraí, tar éis ath-imirt agus am breise.

Tá an-áthas orainn páirt a ghlacadh i gComórtas Peile na Gaeltachta sóisearach i mbliana ar son Gaeltacht Mhúscraí. Seo é an cúigiú h-uair dúinn a bheith san iomaíocht i rith deire seachtaine na Cincíse. Chuamar chomh fada leis an gcluiche leath-ceannais dhá uair cheana sa Chomórtas. Bheadh sé go h-iontach dá bhféadfaimis déanamh níos fearr i mbliana, ach muna dtarlaíonn san táimid ag súil le deire seachtaine taithneamhach ar aon nós!

***Liosta imreoirí – Chill na Martra***

| | | |
|---|---|---|
| Donncha Ó Loingsigh | Risteard Ó hUidhir | Cathal Mac Suibhne |
| Breandán Ó Muimhneacháin | Nollaig Ó Laoire | Tadhg Ó hÉalaithe |
| Pádraig Ó Cróinín | Cormac Ó Mochán | Breandán Ó Loingsigh |
| Pádraig Ó Cuana | Eoin Ó Mocháin | Donncha Ó Loingsigh |
| Proinsias Ó Buachalla | Seán Ó Loingsigh | Pádraig Ó Muimhneacháin |
| Tomás Ó Murchú | Dónal Ó Buachalla | Mícheál Ó Cathasaigh |
| Dónal Ó Ceallacháin | Liam Ó Mocháin | Pádraig Ó Cróinín |
| Shane Ó hUidhir | Dónal Ó Cróinín | Conchubhar Ó Cathasaigh |
| Dónal Ó Cathasaigh | | |

*Roghnóirí:* Seán Ó hUidhir, Tomás Ó Murchú, Pádraig Ó Liatháin, Gearóid Ó hÉalaithe.

*Traenálaí:* Mícheál Ó Scanaibh





# Rinn Ua gCuanach

Tar éis dúinn Comórtas den scoth, fiú má deirimid féin é, a reachtáil sa Rinn anuraidh táimid ar an mbóthar arís agus sinn ar ár gcéad chuairt chuig Mhaigh Eo. Níl cúrsaí peile sa Rinn ag dul chomh maith is a gheobhaidis, agus is le dóchas seachas muinín a chuirfimid chun páirc in aghaidh Chumann Mhichíl Breathnach.

Le ceathrar de mhuintir Bhreathnach ag imirt linn, áfach, beidh an lá lena Breathnaigh, cuma cé a bhuann!

***An Painéal***

| | | |
|---|---|---|
| Tomás Ó Cadhla | Lorcán Ó Muirí | Darach Breathnach |
| Eoin Breathnach | Liam Ó Curraoin | Páidín Breathnach |
| Colm Breathnach | Éamonn Ó Crotaigh | Tomás Breathnach |
| Eugene Ó Cuirrín | Noelie Tóibín | Peaidí Ó Catháin |
| Eoin Mac Craith | Dónin Ó Murghadha | Tomás Ó hArtaigh |
| Seán Mac Gearailt | Seosaimh Ó hArtaigh | Darragh Ó Conchúir |
| Maidhc Drocháin | Liam De Grás | Séamas MacCraith |

Esat Digifone™

**Príomhurra**

# Piarsaigh na Dromoda, Co. Chiarraí

***Bunaíodh:*** Ceantar Uíbh Rathach i nDeisceart Chiarraí.

***Páirc:*** Páirc an Phiarsaigh.

***Dathanna:*** Marún agus Bán.

***Stadás:*** Sraith Roinn A4 i Chiarraí.

***Buanna:*** Comórtas Peil na Gaeltachta Sóisir 1994, 1997, 1998; Craobh Noibhiseach B Chiarraí 1989; Craobh Noibhiseach A Chiarraí 1999.

Foireann Sinsir, Faoi-18, Faoi-16, Faoi-14 agus Faoi-12.

*Bainisteoir:* Donall Ó Cuireáin; *Roghnóirí:* Donal Ó Cuireáin, Mícheál Ó Conchubhair, Seán Ó Conchubhair. *Captaen:* Ciarán (Maul) Ó Súilleabháin. *Imreoirí Iomraiteacha:* Ciarán (Bobby) Ó Súilleabháin – Mionúr Chiarraí '94, '95; Colm Ó Conchubhair – Mionúr Chiarraí '99, 2000.

Bhí Seán (Jack) Ó Conchubhair mar roghnóirí ar foireann Chiarraí a bhuaidh Craobh na hÉireann Sinsir 1997 agus tá sé mar roghnóir ar foireann sinsir Chiarrái arís i mbliana. Bhí sé mar Bainisteoir ar fhoireann Fé-21 Chiarraí a buaidh '98. Beidh Comórtas Peil na Gaeltachta 2001 againn agus tá an chumann ag obair ar seo faoi láthair chun a bheith chinnte go mbeidh gach rud reidh. Beidg fáilte roimh gach duine do Uíbh Rathach agus don Dromod i 2001.

***Liosta Imreoirí***

| | | |
|---|---|---|
| Tadhg Ó Súilleabháin | Alan Ó hÓgáin | Donall Ó Cuireáin |
| Seámus Ó Súilleabháin | Colm Ó Conchubhair | Breandán Ó Mongáin |
| Mícheál Ó Siocháin | Seán Travers | Ciarán (Maul) Ó Súilleabháin |
| Cian Ó hAillíosa | Seán Ó Conchubhair | Fergal Ó Conchubhair |
| Deaglán Ó Súilleabháin | Tomás Ó Cuireáin | Ciarán (Bobby) Ó Súilleabháin |
| Séamus Ó Cuireáin | Mícheál Ó Conchubhair | Seán Ó Siocháin |
| Donal Ó Súilleabháin | Seámus Ó hAilliosa | Stiofán Ó Síocháin |
| Muiris Ó Conchubhair | Damien Ó hAilliosa | Fiontán Ó hAilliosa |
Eiseann a chum"Preab san ól" agus "Eoghan Cóir". Beirt fhile eile abea Seámas agus Dominic Ó Cosgair, a chum bailéidí ina dteanga dúchais. Bhí feirm ag athair agus uncail na beirte in Alt na Brocaí. Tharla geimhreadh and earrach garbh an bhliain sin agus d'aistrigh an bheirt acu, duine amháin go Brisce agus duine eile go Beannchor.

Rugadh Séamas agus Dominic i mBrisce agus chuala siad an scéal bronach chomh minic sin gur scríobh siad "Earrach an Eantach" ag cur síos air.

Bhí Séamas í dtrioblóid leis na "mná óga" agus bhí air imeacht ó Bhrisce. Chuaigh sé go Trá Lí. Ní raibh aon airgead aige ach shuigh sé síos agus chum sé "Abhainn Mhór" agus bhí muintir an bhaile chomh tógtha leis gur chuir siad bia agus leaba ar fáil dó an oíche sin.



***An Abhainn Mhór***

*Céad slán leat Abhainn Mhór, sé mo bhrón gan mé, 'nocht le do thaoibh!*
*Nach ioma sin bóithrín caol uaigneach a dul idir mé 'gus tú.*
*Is ann a gheobhainn Spórt tráthnóna is go mall tigheacht na hoíche*
*Glaine ar an mbórd agus cúlodar geanamhail le suí.*

*Ach bhéarfaidh mise móide; Sé mo dhóigh mhór nach mbrisfidh mé thríd.*
*I gcúlodar ban óg, go deo, deo, nach suidhfidh mé síos;*
*Is mé cráidheadh leofa i dtús m'óige*
*'S i dtoiseach mo shaoghail*
*'S iad a shéol mé as Bun-an-Bhóthair*
*'S mhúin an t-eolas dom síos go Traighlí.*

(Bun an Bhóthair an sean bhóthar nó an bealach garbh treasna cnoc 's gleann ó Bheannchor go Baile Fhiacháin.)

Tháinig Séamas arais go Beannchor agus phós sé cailín ón nGeata Mór. Níor theastaigh uaithi cónaí san áit seo, áit a raibh teach tógtha aige ar bharr sléibhe sna Fáilní.

Chum sé an dán "Barr an tSléibhe" chun í a mhealladh agus ag an deire thiar tháinig sí ar ais. Chum Séamas "Banais Shraith Gradaigh" agus "Bárr a' tSléibhte" chomh maith le mion véarsaí eile. Chum Dominic "An Stóicín" agus Sgéimh Rinn na Feirsde" atá fós cáiliúil.

Bhí an ceathrú file ann ó Chill Salach darbh ainm Cathaoir Bán Ó Gallachobhair agus chum sé amhrán mar "Col na Binn", "Buachaillín Óg Mé", "Colsalach", "An tSean Bhó Mhalluighthe". Chum an ceathrar file "An tSean Bhó" agus chuir gach éinne acu a chuid féin leis. Tá a muintir scaipthe chomh fada le Chicago.

Is dóigh go bhfuil gaol ag "Cathaoir Bán" le clann Uí Gallachóir atá ina gcónaí i dTamhnach. Tá an ceol traidisiúnta go breá acu ar aon nós.

Is cúis mhór áthais agus onóra dom a bheith páirteach san bhfoilseachán spéisiúil seo. Tá súil agam go bhfaighfidh sibh go léir taitneamh as an spléachadh seo ar stair agus oidhreacht Bheannchór Iorrais.

*Bríd Ní Chuinn*

Esat Digifone™

***Príomhurra***

*Go n-éirí le Comórtas Peile 2000 ó*

**STATOIL**

**HOME HEATINGS OILS – ROAD DIESEL**
**AGRICULTURAL OILS – LUBRICANTS**

***Collect your Premium Club Points TODAY!***

**HUGHES-O'BOYLE**

**BALLINA, CO. MAYO**

Tel: 096-21108

*Adh mór ar Club Cill tSéadhna agus ar an Chomórtas ó*

***JOE LAVELLE AGUS AN STAFF GO LÉIR AG***

**The Merry Monk**

**FINEST HOME-COOKED FOOD SERVED 7 DAYS**

*Includes a Carvery Lunch with a Special Sunday Lunch Menu, for a relaxing Sunday afternoon/evening*

***— Parties/Functions welcomed —***

**KILLALA ROAD, BALLINA, CO. MAYO**

Fón: 096-73990

***• JOIN US FOR OUR 1st ANNIVERSARY CELEBRATIONS •***



# Na Cailíní Gaelacha 1970-2000

| | | |
|---|---|---|
| 1970 | Bairbre Ní Mhéalóid | (Ráth Cairn) |
| 1971 | Marion Ní Bhaoill | (Gaoth Dobhair) |
| 1972 | Deirdre Nic Donncha | (Ros a'Mhíl) |
| 1973 | Caitlín Ní Chonghaile | (Ráth Cairn) |
| 1974 | Siubhán Ní Dhabharáin | (Maigh Cuilinn) |
| 1975 | Máire Nic Giolla Easpaigh | (Gleann Cholm Cille) |
| 1976 | Máire Ní Cheallaigh | (An Spidéal) |
| 1977 | Mairéad Ní Dhonnchadha | (Corca Dhuibhne) |
| 1978 | Mairéad Ní Bhaoill | (Gleann Cholm Cille) |
| 1979 | Máire Treasa Ní Chéide | (Mícheál Breathnach) |
| 1980 | Diane Ní Dhiscín | (An Fhairche) |
| 1981 | Siubhán Ní Mhuineacháin | (Béal Átha 'n Ghaorthaidh) |
| 1982 | Bríd Úna Ní Mhaoileoin | (Baile an Fhirtéaraigh) |
| 1983 | Máire Bernadette Nic Dhonncha | (An Cheathrú Rua) |
| 1984 | Bernadette Ní Mhaolagáin | (Gaoth Dobhair) |
| 1985 | Caitlín Críothaín | (Corca Dhuibhne) |
| 1986 | Máiréad Ní Chéilleachair | (Béal an Mhuirthid) |
| 1987 | Máiréad Ní Neachtain | (Leitir Móir) |
| 1988 | Máire Ní Chathaláin | (Corca Dhuibhne) |
| 1989 | Dearbhla Ní Churraoin | (Gleann Cholm Cille) |
| 1990 | Bláthnaid Ní Chofaigh | (Ráth Cairn) |
| 1991 | Tríona Ní Ráinne | (Leitir Móir) |
| 1992 | Eibhlín Seoighe | (Ros Muc) |
| 1993 | Celia Ní Fhatharta | (Mícheál Breathnach) |
| 1994 | Martina Ní Chanainn | (Gleann Cholm Cille) |
| 1995 | Caitríona Nic Fhionnghaile | (Gaoth Dobhair) |
| 1996 | Máirín Ní Mhurchú | (Cill tSéadhna) |
| 1997 | Deirdre Ní Churraoin | (Móin Dearg, Londain) |
| 1998 | Sinéad Ní Mháille | Tuar Mhic Éadaigh |

Comhalta
Údarás na Gaeltachta

*Guím gach rath ar Chumann Chill tSéadhna agus ar an gComórtas Peile.*
*Fáilte roimh cách chuig Gaeltacht Iorrais.*
*Go n-éirí an t-ádh libh.*



**IAN MAC AINDRIÚ**

**BÓTHAR BÉAL AN ÁTHA,**
**BÉAL AN MHUIRTHEAD, CO. MHUIGH EO**
Fón: 097-81540 (Baile) 086-8705463 (Póca)

*Gach ráth ar an gComórtas agus Cumann Cill tSéadhna*

*ó*

**Chumann**
**Bhéal an Mhuirthid**

Buaiteoirí Sinsir 1984, 1985
Tánáistí 1982, 1983
Ionad an Chomórtais 1987

*Comhghairdeas le Willie Joe roghnaithe ar lár páirce ar fhoireann Mhilaois na Gaeltachta*



# Foirne Mhaigh Eo i gComórtas Peile na Gaeltachta

Ní minic a tharlaíonn sé, ach idir an dara agus an cúigiú lá Meitheamh beidh dhá chorn uile Éireann i Maigh Eo. Dár ndóigh bhí coirn sa chontae cheana. I 1936. 1950 agus 1951 bhí Sam sa chontae agus anuraidh b'iad mná an chontae a thug Corn Uile Éireann thar Sionainn. Céard mar sin a tharlós ar na dátaí atá luaite agam, a fhágfaidh go mbeidh dhá chorn as ais sa Chontae . . An Comórtas Peile.

I stair an Chomórtais seo, níl mórán ama caite ag Corn an Aire nó Corn Ghael Linn sa chontae seo, thuaidh nó theas. Beidh siad i mBeannchor Iorrais an deireadh seachtaine sin, agus le cúnamh Dé ba mhaith linn iad a choinneáil ann go ceann tamall. Ó thús Chomórtas Peile na Gaeltachta, bhí foirne as Maigh Eo ag glacadh páirt ann. Tuar Mhic Éadaigh a d'imir ar son an chontae sa chéad Chomórtas i nGaoth Dobhair i 1969. Ach is i 1973 a bhí an chéad bua ag fir Mhaigh Eo, nuair a bhuaigh Comhfhoireann ón gContae ar fad, Corn an Aire. Bhí ceathrar ó Chill tSéadhna ar an bhfoireann sin. Bhí Riocard Ó Coscardha sa chúl, Séan Ó Ciaráin mar lán cúlaí, a dhearthair sa líne leath tosaigh agus Pádraic Ó Corragáin i lár na páirce. Ba as Tuar Mhic Éadaigh alán den fhoireann, ina measc siúd bhí leithéidí Seán Ó Sé as An Coireán i gCiarraí, Tomás Ó hÉineacháin agus Mícheál de Búrca. Bhí an comórtas ar siúl ar an gCeathrú Rua an bhliain sin agus is iad Gaoth Dobhair a chríochnaigh mar thánaistí.

Thosaigh an Comórtas Sóisireach i gcóir Chorn Ghael Linn i 1977 agus tá Tuar Mhic Éadaigh ag imirt sa réimse sin ó shoin i leith. Tar éis trí bliana bhí siad i gcluiche ceannais don chéad uair. I 1980 ar an Fhairche (ní raibh mórán taistil le déanamh acu) thug siad aghaidh ar churaidh na bliana roimhe sin, Naomh Mícheál ó Bhaile na Sceilge. Ní raibh an t-ádh orthu sa chluiche sin ach bhí siad arais sa chluiche ceannais i 1983 nuair a bhuaigh siad ar an fhoireann áitiúil sa Cheathrú Rua. Thosaigh an bua sin ré órga do Chontae Mhaigh Eo sa Chomórtas.

I 1984 bhí Comórtas peile na Gaeltachta ar siúil i Rinn Ó gCuanach don chéad uair. An bhliain sin bhuaigh foireann as an mBarúntacht seo, Béal an Mhuirthead sa chluiche ceannais. Is ar Ard a' Rátha a bhí an bua acu an bhliain sin ach bhí an mí-ádh ceart ar fhir an tuaiscirt mar bhí Béal an Mhuirthead agus go háirithe Willie Joe Padden thar cionn an deireadh seachtaine sin. Má chaitheann tú aon achar ama i "Mooneys" (rud a rinne mé go minic) sa Rinn cloisfidh tú trácht fós ar an taispeántas peile a chuir siad ar fáil an bhliain sin. An bhliain dár gcionn bhí Béal an Mhuirthead ar ais sa chluiche ceannais i nGallarus. Is é Willie Joe arís a thug an lámh in uachtar dóibh an lá sin ar fhoireann Chorca Dhuibhne ar a raibh laoch Chiarraí, Páidí Ó Sé, ag imirt. Is é sin an uair deireanach a raibh foireann as Maigh Eo san iomaíocht do Chorn an Aire. Bhí an Corn ar ais i mBéal

*Adh mór ar Chomórtas Peile na Gaeltachta ó*

# Oliver's

## THE MAN'S SHOP

**The Outpost** – *Mens Casuals*
**Sarangra** – *Ladies Fashions*

BRIDGE STREET, BALLINA, CO. MAYO
Fón: 096-21497

*Gach ráth ar Comórtas Peile na Gaeltachta*
*ó*

# Eamonn O'Boyle Photographics



CROSSMOLINA, CO. MAYO
Tel./Fax: 096-32471
Belmullet Tel./Fax: 097-81235
Mobile: 086-2217029



an Mhuirthead ar feadh cúpla lá nuair a bhí an Comórtas ar siúl ansin i 1987. Bliain stairiúil ab ea é sin do Chumann Chill Cartha ó Dún na nGall a bhuaigh an Comórtas don chéad uair.

Bhí Tuar Mhic Éadaigh sa chluiche ceannais sóisear an bhliain dár gcionn sa Cheathrú Rua. Ach bhuaigh Ráth Cairn an corn an bhliain sin. Bua stairiúil a bhí ansin do Ghaeltacht na Mí agus bhí go leor tacaíocht acu ó Mhuintir Maigh Eo, a raibh daoine muinteartha leo i mBaile Gib agus Ráth Cairn. Níor shroich foireann as Maigh Eo an cluiche ceannais ach uair amháin ó shoin nuair a chaill Acaill i gcoinne Béal Átha an Ghaorthaigh i 1992 in Indreabhán. Níorbh é sin an chéad uair ariamh a raibh bua ag foireann as Corcaigh ar fhoireann as Maigh Eo. An cluiche is fearr a bhí ag foireann Chill tSéadhna ariamh sa chomórtas, ná an cluiche Ceathrú Ceannais i gcoinne Ard a' Rátha i 1998. Bhí ár bhfreasúra go mór chun cinn ag leath ama an lá sin ach thaispeán na leads spiorad agus éirim aigne agus laghdaíodar an bhearna. Nuair a chríochnaigh an cluiche bhí na foirne ar chomhscór. Thóg sé dhá thréimhse breise chun an cheist a shocrú ach sa deireadh chuaigh Ard a' Rátha chun tosaigh. Chuaigh siad ar aghaidh agus bhuaigh siad an comórtas. Ag an am sin bhí mé ag obair le TnaG agus chas tráchtaire an stáisiúin, cara liom fhéin Brian Tyers chugam, ní raibh fhios aige cé h-iad, cérb as iad nó tada, ach bhí sé den tuairim gurab é sin an cluiche ab fhearr a chonaic sé riamh sa chomórtas.

Le cúnamh Dé ag deireadh an chomórtais seo beidh an dá chorn ag fanacht anseo agus ní bheidh aon iontas ar dhaoine faoi ard chaighdeán peile a fheiceáil san taobh seo tíre.

*Ciarán Ó hEadhra*



*Scoil Náisiúnta Bheannchor Iorrais, Roinn a Trí 1999*
*Traenálaí Martin Doherty.*

*Comhgháirdeas ó*

# Vincent Naughton

***Building Contractor***

*le Club Cill tSéadhna*

Fón/Faics: 097-86750



*Comhgháirdeas don Féile le club Cill tSéadhna*

# Féile Ghaoth Sáile

**13 - 20 Lúnasa 2000**

***Dé Domhnaigh 13 Lúnasa*** – Spóirt Dhubhlocha
***Dé Luain, 14 Lúnasa*** – Taispeántais Ráschúrsa faoi Chlaíocha
***Dé Céadaoin, 16 Lúnasa*** – 'Whacky' Spórt na bPáistí agus Tarraingt Teide Hospice sa tráthnóna.



***Rásaí na gCon*** – 18 Lúnasa
***Rásaí na gCapall*** – 19 Lúnasa




Fón: 097-86742, 82280, 86868



# Cuimhní ar Pheil i nDubhloch

*Seoirse Heneghan*

Bhí an t-ádh ormsa, bheith ag fás aníos nuair a bhí peil i mbárr a réime i Maigh Eo. Níl aon chuimhne agam ar bhua an Chábháin in ár n-aghaidh i 1948 ach ní dhéanfaidh mé dearmad choíche ar bhua Mhaigh Eo i 1950 agus 1951. Cluinim fós, guth Mhichíl Uí Eithir agus a thráchtaireacht íontach. D'fhág an tréimhse buacach sin a rian orm ar feadh mo shaoil, go deimhin is cineál reiligiúin agamsa an pheil, níl rud is ansa liom ná é. B'iad Seán Flanagan, Pádraig Carney agus Tom Langan ár laochra agus cé nach raibh sé de dhánaíocht ionainn ariamh é a rá, theastaigh ó gach mac máthair againne bheith chomh maith leo.

B'shin é an aisling ach bhíomar díreach chomh sásta cead a fháil imirt leis ns leaids mhóra sa mhóinéir nó amuigh i mBun na bPortach. Ag seasamh dúinn taobh thiar den chúl, bhí sé éasca sinn a shásamh, go minic ní bhfuaireamar ach corr chic fánach ar an liathróid nuair a chuirfeadh na leaids mhóra thar threasnán é nó nuair a théadh sé ar fóraoíl. Is minic a chaitheamar trí uair a chloig tar éis dinnéir an Domhnaigh ar an dóigh sin agus nach sinn a bhí sona. Le himeacht ama ba fhir mhóra muide chomh maith agus ba phléisiúr dúinn iad a chlói don pheil ard nó bob a bhuaileadh orthu le cleas.

Sna laethanta sin ní raibh aon chaint ar bhainisteoirí nó ar thraenálaithe. Dhiumhain mórán ord ná eagar a bhí orainn ach bhaineamar an-spraoi as agus i ndeire an lae, sin é an rud atá tábhachtach faoi spórt. Ar an Domhnach is mó a d'imríodh sinn. Lá an – ghnóthach ab ea an Domhnach dúinne. Thosaigh an lá le siúl cúig mhíle go dtí an tAifreann i nGaoth Sáile, ansin d'fhilleamar abhaile do dhinnéir scioptha agus as go brách linn arís ansin le héisteacht le Mícheál Ó hEithir "Bail ó Dhia oraibh go léir a chairde". Ní raibh ar an mbaile ach cúpla ceann de raidióanna, rud a d'fhág go mbíodh slua againn bailithe i dteach éicint ag éisteacht leis. Chloisfeá an féar ag fás san gciúnas a thitfeadh agus bhainfí an cloigeann d'éinne a raibh sé de dhánaíocht ann an ciúnas a bhriseadh. Chomh luath agus a chríochnódh an cluiche sin, thugadh sin do na bonnaibh é go garraí éicint agus is ansin a thosódh an cluiche ceart. Níl fhios agam cé arbh leis an liathróid ach bhíodh ceann i gcónaí againn, sean cheann leathair, a mbíodh meáchain tonna inti agus í fluich.

Sheasfadh na cluichí sin dhá nó trí uair a chloig agus is minic nár stopamar go dtí titim na hoíche.

Ar an mbealach abhaile agus sinn titithe le hocras nheallfadh páirc turnapaí Pheadaí Ned sinn agus táimse a'rá leat nár bhlais aon turnaip ariamh ó shoin chomh milis seo. Nuair a bheadh foragain turnapaí ite againn thugadh sinn aghaidh

*Go n-éirí go geal leis an gComórtas i gCill tSéadhna*

# GAVIN'S

LADIES & HOUSEHOLD GOODS, FOOTWEAR, MANSHOP, CURTAINS AND ROLLER BLINDS

***Measuring and Fitting Services available***

TONE STREET, BALLINA, CO. MAYO

Fón: 096-21710 Fax: 096-71311

*Gach rath agus aimsir mhaith don gComórtas Peile ó*

# Carolan's Meats

***KILL, CUT & PACK FOR DEEP FREEZE***

DERRYCOOSH, CASTLEBAR, CO. MAYO

Fón: 094-23243



ar Bhridgie Ruane. Bhí an bheatha níos galánta ansin, tae agus dalladh aráin agus subh. Ar ndóigh bhíodh an chraic go maith ann freisin. Ar aghaidh linn ansin go teach Bridgie Carey, bhíodh an chraic go maith sa teach sin i gcónaí agus ar ndóigh bhí cúpla iníon óg aici!

D'réir mar a d'fhásamar, d'fhás an mhisneach freisin agus thugamar dúshlán d'fhoireann Dhú Earca. Cheapamar fhéin gurab iad an fhoireann ab fhearr in Iorras agus sílim gur chreideadar siúd an rud céanna. In ár gcroíthe istigh cheapamar gur beag seans a bhí againn ach theastaigh uainn triail a bhaint as. In éis alán cur agus cúiteamh socraíodh an chéad chluiche a bheith ar an mbaile s'againne i mBun na bPortach, muide a chuir ar réiteoir ar fáil, Joe O'Toole. Ní raibh ann ach leaid óg cúig bliana d'éag d'aois. Fear misniúil gan aimhreas! Aisteach go leor ní raibh aon raic agus níos tábhachtaí ná sin bhuamar. B'fhearr dúinn an bua sin ná Craobh na hÉireann. Nuair a chuamar go Dú Earc don athimirt, níor éirigh chomh maith linn.

Níos deireannaí tosaíodh an Comórtas Sraithe d'Iorras agus chuaigh leaids Dhumha Locha isteach leis na leaids ón tSraith. Bhí foirne maithe againn ach in ainneoin go raibheamar sa chluiche ceannais ceithre huaire, níor bhuamar ariamh. Caithfidh mé a admháil gur shantaigh mé bonn sa Chomórtas sin, ceann amháin féin! Ina dhiaidh sin d'imir cuid againn le Cill tSéadna agus le foireann Naomh Pádraig nuair a bunaíodh é sna seascaidí.

Bhí roinnt imreoirí an-mhaith ó Dhumha Loch. Orthu siúd bhí, Paddy Ó Toole a d'imir do mhionúir agus do shóisir Mhaigh Eo, Laurence Howard a d'imir an chuid is mó dá pheil do Bhéal a' Mhuirthead, mo dheartháir Seán a bhuaigh Craobh Mionúir an Chontae agus é ina chaptaen ar Bhéal a' Mhuirthead, agus beirt de na Bairéadaigh as Baile Úr a d'imir do Chill tSéadhna agus Maigh Eo.

Ar ndóigh bhí cuid den lucht tacaíochta ab fhearr ar domhan againn. B'é Michael Mac (Namara) an réalt. Bhí sé ag chuile chluiche, cuma arb iad na cinn abhaile i mBun na bPortach, nó na cinn as baile i nDú Earc nó Caisleán an Bharraigh. Bhí sé ansin maidin Domhnaigh roimh an chluiche, tráthnóna Domhnaigh in éis an chluiche agus ar m'anam bheadh sé sásta é a phlé arís maidin Luain. Níor tháinig aois ariamh air. Feicim fós é, straois mhór gáire air, a chuid gruaige cíortha siar ar a chloigeann, a chaipín fillte ins an láimh mhór sin agus muna bhféadfadh sé gáire a bhaint asat bhí tú marbh. Ón lá ar chuir mé aithne air, bhí sé fós óg ina chroí, meoin fir in aois a naoi mbliana d'éag aige. Ní féidir liom críochnú gan m'athair baiste, John O'Malley a lua. Is iomaí uair a sheas sé an fód dom. Go ndéana Dia trócaire orthu.

Ní féidir dearmad a dhéanamh, ach oiread ar Tim Ruddy ó Loch na hEilí, an bainisteoir a thiomáin ar fud na háite sinn gan pingin a fháil dá chuid trioblóidí. Bhí an t-uafás eile ann freisin ach ní féidir iad uilig a lua.

*Go n-éirí go geal le Comórtas Peile na Gaeltachta agus le club Chill tSéadhna ó*

**Gerry Kenny "Sports"**

O'RAHILLY STREET, BALLINA, CO. MAYO

Fón: 096-22827 Fax: 096-73419

***Visit our Web Site at www.mayogaa.ie***

***E-mail: gerrykennysports@hotmail.com***

*Comhghairdeas le Club Chill tSéadhna ó*

The Mayo News

FAIRGREEN, WESTPORT, CO. MAYO

Fón: 098-25311 Fax: 098-26108

E-mail: mayonews@anu.ie ISDN: 098-50050



Ní fhéadfadh boinn nó corn ar bith a bheadh chomh sásúil nó chomh tábhachtach leis an spraoi agus an spórt a bhaineamar as an bpeil. Tá cónaí ormsa anois san Astráil ach nuair a bhéas Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl i gCill tSéadhna tá súil agamsa a bheith libh agus tabharfaidh mé cuimhní iontacha ar ais chun na hAstráile liom. Beidh mé ag cuimhniú freisin ar bheirt laoch mhóra eile a bhíodh ag imirt sa cheantar seo liom, mo dhearthair Mícheál a tóigeadh uainn i mbláth a óige agus Martin Moran ón tSraith atá imithe anois uainn. Beirt fhear uasal, lán talainn, ba eiseamlár dúinn uilig iad, suaimhneas síoraí dóibh beirt. Beidh siad ag amharc anuas ar na himeachtaí.

## Daoine Cáiliúla ó Chill tSéadhna

### Seán Ó Ruadháin

Is mar gheall ar an leabhar "Pádraig Mháire Bán" is mó a bhain **Seán** cáil amach ach tháinig roinnt mhaith eile óna pheann freisin, ina measc "Grinnscéalta" agus "An Mothall sin Ort". D'aistrigh sé alán leabhar go Gaeilge mar shampla "David Copperfield". Rugadh Seán i nDumha Loch sa bhliain 1883. Bhí sé ina thimire ag Conradh na Gaeilge in iarthair na hÉireann ó 1906 go 1921 agus d'éirigh sé cáirdiúil le Dughlas de hÍde. Is leis an múinteoireacht a chaith sé an chuid eile dá shaol. Bhí sé ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste Bhantiarna na Trócaire ar an gCarraig Dhubh ón mbliain 1928 go dtí go ndeachaigh sé amach ar phinsean i 1948. Fuair sé bás i mBaile Átha Cliath i 1966.

### Séamus Mac Uidhir

Rugadh **Seámus** i nDumha Thuama i 1902. Fuair sé a chuid oideachais sa scoil áitiúil ansin, i gColáiste Thuar Mhic Éadaigh agus in Ollscoil Áth Cliath. Bhí aithne air sa cheantair mar mhúinteoir Gaeilge agus é ag dul thart ar an dúiche ar a rothar. Chaith sé tamall ag múineadh i ngairmscoil Acla agus ansin bhog go Béal an Átha áit a raibh sé ina ardmháistir ar an ngairmscoil. Tháinig ceithre leabhar óna pheann "Dhá Chrann na Marbh", "Fanaíocht i gContae Mhaigh Eo", "Idir Thalamh agus Trá" agus "An Marcach Dubh". Scríobhadh se freisin don "Western People" faoin ainm cleite "Préachán Néifinn" agus don iris "An tÉireannach" faoin ainm "Sliabh Carn". Fuair sé bás i 1969.

### Séamus agus Dominic Mhac Cosgair

Rugadh an bheirt seo i mBriosca in aice le Beannchor Iorrais. Bhí **Séamus** tugtha don fhánaíocht agus deirtear go raibh sé i dTrá Lí, uaigneach, gan pingin ina phóca nuair a chum sé an t-amhrán cáiliúil "An Abhainn Mhór" mar íocaíocht ar lóistín na hoíche. Inniu tá cáil ar an amhrán i measc lucht sean-nóis, go háirithe i gConamara. Phós sé Máire Nic Ualraic a raibh siopa aici in aice leis an nGeata

*Go n-éirí an t-ádh le Comórtas Peile na Gaeltachta*
*i gCill tSéadhna 2000*

**CONNACHT**
**SCAFFOLDING LTD.**

(Member of N.A.S.A.C.)

***Gach cinéal Scafall***

**KNOCK ROAD, BALLYHAUNIS, CO. MAYO**

Fón: 0907-30198 :: Faics: 0907-30336

*Comhgháirdeas le club Chill tSéadhna*
*ó*

ACCBANK

**PEARSE STREET, BÉAL AN ÁTHA,**
**CO. MHAIGH EO**

Fón: 096-21566/21857 :: Faics: 096-22965



Mór. Ní raibh aon fhonn ar Shéamus dul chun cónaithe ar an nGeata Mór agus thóg sé teach ar na Faoilí. Níor tháinig Máire chun cónaithe ann agus chum sé dán, "Barr an tSléibhe", ag moladh na háite, ag iarraidh í a mhealladh ann agus is cosúil gur éirigh leis mar tháinig sí ar deireadh. Tá sé curtha i dteampall Chill tSéadhna agus tá leacht le scríbhinn air ós a chionn. Bhí a dheartháir **Doiminic** níos sine ná é agus níos staideartha, deirtear. Phós se cáilín as Rinn na Feirsde, i mBaile Chruaich agus chum dán ag moladh an bhaile, "Sceimh Rann na Feirsde". Nuair a tháinig Séamus ar chuairt acu scríobh seisean amhrán eile ag cáineadh na háite. D'imigh Doiminic go Cleveland, Ohio, agus is ann a fuair sé bás.

**Polaitíocht**

Maoitear go minic faoin trí theach taobh le chéile, a thug triúr Theachta Dála don tír seo. "Parliamentary Promenade" a thugadh duine den triúr, Pat Lindsay at an áit. Nuair a fhágann tú Gaoth Sáile le dhul go Dumha Loch, is iad an chéad trí theach a bhuailtear leat. San gcéad ceann acu siúd bhí cónaí ar **Henry Coyle** a bhí ina Theachta Dála sna fichidí. Bhí sé gníomhach san sean IRA, i gcogadh na saoirse agus i gcogadh na gcarad. Bhí sé an-mhór le Michael Collins agus deirtear gur iompair sé a chónra. Tá mac leis, Gerry, ina Chomhairleoir Chontae ón bhliain seo caite.

An chéad teach eile a tóigeadh **Pat Lindsay**. Chomh maith le bheith ina Theachta Dála bhí cáil air mar Abhcóide agus mar Bhreitheamh. Chaith sé seal ina Mháistir ar an Ardchúirt.

Teach Thuathail an tríú teach sa "promenade". Tóigeadh **Paddy O'Toole** níos faide siar i nDumha Loch ach bhogadar go dtí'n teach seo sna caogaidí. Bhí sé ina Theachta do Mhaigh Eo Thoir sna seachtóidí agus na hochtóidí. Múinteoir scoile ab ea é roimhe sin agus bhí cáil ar freisin mar pheileadóir.

**Iriseoireacht**

Tá beirt dheirfiúr as Dumha Loch, Póilín agus Áine Ní Chiaráin ag dul den ghairm seo le fada an lá. Chuaigh Póilín leis an slí beatha seo ar fhágáil na hollscoile dhi. Chaith sí blianta le Feách, an clár cúrsaí reatha sular bhog sí go dtí seomra na nuachta. An t-am is measa a raibh rudaí i dTuaisceart Éireann d'iarr sí go n-aistreofaí go Béal Feirste í. Is ann atá sí ó shoin. Chaith sí roinnt mhaith den tréimhse sin le RTÉ ach ag tús na naochaidí thóig sí post mar Eagarthóir Nuachta leis an BBC i nDoire. Thaitin Doire go mór léi ach d'airigh sí an iriseoireacht go mór uaithi agus d'fhág sí an BBC le dhul leis an saor-iriseoireacht. Is leis an gcraoltóireacht, raidió agus teilifís, a chaith sí an chéad chuid dá shaol oibre ach tá sí anois ag scríobh do na nuachtáin freisin. Tá colúin rialta aici i "Foinse" chomh maith le bheith ag obair do chláracha raidió agus teilifís.

# Brogan's Spar

*'Gach rud atá ag teastáil nuair a theastaíonn sé uait!'*

BIA – Te/Fuar

NUACHTÁNAÍ – BACÚS STÓR

**Beannchor Iorrais**

*Go n-éirí an t-ádh le peileadóirí Chill tSéadhna agus leis an gComórtas Peile 2000*

# REILLY'S VICTUALLERS

*Muicfheoil & Bagún, Mairteoil, Feoil Réamhdhéanta*

**Beannchor Iorrais, Béal an Átha, Co. Mhuigh Eo**

Fón: 097-83558




Is mar státsheirbhíseach a thosaigh a deirfiúr **Áine** a saol oibre agus bhí aithne mhaith uirthi sna Gaeltachta go léir mar Stiúrthóir Cunta (nó "Bean na nGrant") le Roinn na Gaeltachta. Cé go ndearna sí roinnt oibre ar bhun saor-iriseora do RnaG agus Raidió 1, ní go dtí tús na naochaidí a chuaigh sí leis lán-aimsire. Is leis an gclár "Cúrsaí" a bhí á chraoladh ar RTÉ a bhí sí ag obair i dtosach. Nuair a tháinig TG4 ar an saol thosaigh Áine ag obair mar thuairisceoir ar an gclár "Cead Cainte" a bhí á dhéanamh ag RTÉ do TG4. Clár cúrsaí reatha agus polaitíochta is ea é. Le bliain go leith anuas tá sí ar dhuine díobh siúd a chuireann an clár i láthair.

**Dornálaíocht**

Henry Joe Coyle an dornálaí is mó le rá ón gceantar seo. Tar éis sé bliana mar sheaimpín a Maigh Eo agus i gConnacht thug Henry aghaidh ar an gCraobh Náisiúnta agus bhuaigh sé é. Ina dhiaidh sin bhí sé ag dornálaíocht d'Éirinn agus bhuaigh sé craobhanna idirnáisiúnta. Ba é Seaimpín Lár Shasana nuair a chloí sé Johnny Prescott. Chuaigh Prescott ar aghaidh ina dhiaidh sin leis an mbua a fháil ar Henry Cooper. An tAthair Joe Harte, a thosaigh Henry agus fir óga eile an cheantair ar an mbóthar seo nuair a bhunaigh sé Club Dornálaíochta i nGaoth Sáile sna caogaidí. Chuaigh an club i léig sna seascaidí ach athbhunaíodh é i ndeireadh na seachtóidí. Tá ag éirí go maith leis na dornálaithe óga seo freisin, agus tá glúin eile de na Coyles anois ag breith na gcorn leo.



***Foireann Dhumhlocha***
*Ar tús: S. Bairéad, M. Bairéad, P. Breathnach, S. Ó hÉineacháin, M. MacEnrí.*
*Ar chúl: D. Ó hÉineacháin, M. J. Ó Rudaigh, T. Bairéad, S, Ó hÉineacháin, D. Bairéad.*

# Downhill Hotel &

## Eagles Health & Leisure Club

***Lóistín: 50 Seomra Codlata (en-suite) ó £48 an duine***
***Proinnteach: Dinnéar ó £18***
***Dé Domhnaigh: Lón – Béile Fuar/Te £14***
***Lón Béar: Luan - Sathairn ó £5***
***Eagles Health & Club Leisure: 2 Linn Snámha Te srl.***
***Frogs Bear Piano: Fleá le oirfidigh éagsúla***

Cats Banqueting Suite: Bainisí, Coisir Príobháideach – Cruinnithe suas le 400 daoine

"AN SAR BHONN IS TÚ AG CUAIRT AR AN TAOBH THIAR THUAIDH"

**BÉAL AN ÁTHA, CO. MHAIGH EO**

Tel.: 096-21033 Fax: 096-21338

E-mail: thedownhillhotel@eircom.net Website: www.downhillhotel.ie

# *An Leabhar Mór Dearg®*

***Cuntaisíochta is simplí ar an margadh***

*SONRAÍ AGUS RÁITISÍ AS GAEILGE*

***Gach gné den ngnó agus den nGaeilge fé Dheire Fómhair 2000***

**THE BIG RED BOOK COMPANY**

**1 CLONSKEAGH SQUARE, CLONSKEAGH, DUBLIN 14**

Fón: 01-2697722 Faics: 01-2697816

***Ceannaigh leabhair mór dearg agus beidh an scór ceart agat***




# Na Buaitheoirí Sinsir 1969-2000

| Bliain | Ionad | Buaiteoirí | Tánaistí |
|---|---|---|---|
| 1969 | Gaoth Dobhair | **Gaoth Dobhair** | Corba Dhuibhne |
| 1970 | Gaoth Dobhair | **Conamara** | Baile Mhúirne |
| 1971 | Baile Mhúirne | **Maigh Cuilinn** | Baile Mhúirne |
| 1972 | An Daingean | **Na hÁghasaigh** | Baile Mhúirne |
| 1973 | An Ceathrú Rua | **Maigh Eo** | Gaoth Dobhair |
| 1974 | Baile Mhúirne | **Na hÁghasaigh** | Naomh Conall |
| 1975 | Gaoth Dobhair | **Baile Mhúirne** | |
| 1976 | An Ceathrú Rua | **Gaoth Dobhair** | Baile Mhúirne |
| 1977 | An Daingean | **Na hÁghasaigh** | Baile Mhúirne |
| 1978 | Gleann Cholm Cille | **Gleann Cholm Cille** | An Fhairche |
| 1979 | Baile Mhúirne | **Baile Mhúirne** | Corca Dhuibhne |
| 1980 | An Fhairche | **Baile Mhúirne** | An Fhairche |
| 1981 | Indreabhán | **Baile Mhúirne** | Naomh Ciarán |
| 1982 | Gaoth Dobhair | **Baile Mhúirne** | Béal an Mhuirthid |
| 1983 | Gaoth Dobhair | **Na Dúnaibh** | Béal an Mhuirthid |
| 1984 | An Rinn | **Béal an Mhuirthid** | Ard a' Rátha |
| 1985 | Gallarus | **Béal an Mhuirthid** | Corca Dhuibhne |
| 1986 | Na Dúnaibh | **Gleann Cholm Cille** | An Fhairche |
| 1987 | Béal an Mhuirthid | **Cill Chartha** | An Fhairche |
| 1988 | An Cheathrú Rua | **Múscraí** | Cill Chartha |
| 1989 | Gleann Cholm Cille | **Cill Chartha** | Naomh Columba |
| 1990 | Gallarus | **Cill Chartha** | Corca Dhuibhne |
| 1991 | B. Á. 'n Ghaorthaigh | **Cill Chartha** | Maigh Cuilinn |
| 1992 | Indreabhán | **Cloich Cheanfhaola** | An Cheathrú Rua |
| 1993 | Ráth Cairn | **Cloich Cheanfhaola** | Naomh Anna |
| 1994 | Gaoth Dobhair | **Gaoth Dobhair** | An Cheathrú Rua |
| 1995 | An Fhairche | **Corca Dhuibhne** | An Fhairche |
| 1996 | Baile Mhúirne | **Corca Dhuibhne** | Baile Mhúirne |
| 1997 | An Cheathrú Rua | **An Cheathrú Rua** | Corca Dhuibnhe |
| 1998 | Cloich Cheanfhaola | **Ard a' Rátha** | Cloich Cheanfhaola |
| 1999 | Rinn Ua gCuanach | **An Ghaeltacht** | Rinn |
| 2000 | Cill tSéadhna | | Cill tSéadhna |

*Gach dea ghuí don gComórtas*
*ó*

# MAC ÉNRI

***Oifig an Phoist agus Grosaéir***

**GAOTH SÁILE, CO. MHAIGH EO**

*Le gach dea ghuí don gComórtas ó*

# HINEYS OF CROSSMOLINA

Weddings • Functions
Live Entertainment

**Fón: 096-31202**



# Na Buaitheoirí Sóisir 1977-2000

| Bliain | Ionad / Buaiteoirí | Tánaistí |
|---|---|---|
| 1977 | **An Fhairche** | C.L. Bhréanann |
| 1978 | **Carna** | Naomh Mícheál |
| 1979 | **N. Mícheál, Baile an Sceilg** | Gleann Fhinne |
| 1980 | **N. Mícheál, Baile an Sceilg** | Tuar Mhic Éadaigh |
| 1981 | **Na Dúnaibh** | Naomh Mícheál |
| 1982 | **Na Dúnaibh** | Cloich Cheanfhaola |
| 1983 | **Tuar Mhic Éadaigh** | An Cheathrú Rua |
| 1984 | **Béal Átha 'n Ghaorthaigh** | Clann Chol. Mhuire |
| 1985 | **N. Mícheál, Baile an Sceilg** | Béal Átha 'n Ghaorthaigh |
| 1986 | **An Clochán Liath** | Ráth Cairn |
| 1987 | **N. Anna, Leitir Móir** | Gaoth Dobhair |
| 1988 | **Ráth Cairn** | Tuar Mhic Éadaigh |
| 1989 | **Cill Chartha** | Na Piarsaigh |
| 1990 | **Corca Dhuibhne** | Piarsaigh na Dromaide |
| 1991 | **Béal Átha 'n Ghaorthaigh** | Clann Chol. Mhuire |
| 1992 | **Béal Átha 'n Ghaorthaigh** | Acaill |
| 1993 | **Ráth Cairn** | An Rinn |
| 1994 | **Piarsaigh na Dromaide** | N. Muire (Dún na nGall) |
| 1995 | **Béal Átha 'n Ghaorthaigh** | Carna/Caiseal |
| 1996 | **Mícheál Breathnach** | N. Mícheál (Dún na nGall) |
| 1997 | **Piarsaigh na Dromaide** | Naomh Columba B |
| 1998 | **Piarsaigh na Dromaide** | Béal Átha 'n Ghaorthaigh |
| 1999 | **Lios Pól** | Rinn na gCuanach |
| 2000 | | Cill tSéadhna |

*Gach rath ar an gComórtas Peile ó*

# Walker Carpets & Flooring

c/o Fagan Interiors

CROSSMOLINA, CO. MAYO

Tel.: 096-30156

— ***"Walk on a Walkers Floor"*** —

*Go n-éirí go geal le Comórtas Peile na Gaeltachta 2000 agus Cill tSéadhna*

# Fagan Interiors

Erlemo Ltd. T/A.

(Partners: Padraig G. Fagan, Freda C. Fagan)

***Manufacturers Agents, Importers and Exporters of Furniture, Carpets, Vinyls & Quality Household Goods***

CROSSMOLINA, CO. MAYO

Tel.: 096-30045 Mobile: 087-439199 Fax: 096-30097



## Na hIonaid 1969-2000

***Cúige Mumhan (11)***
Corca Dhuibhne – 4; Baile Mhúirne – 4; Rinn Ua gCuanach – 2; Béal Átha 'n Ghaorthaidh – 1.

***Cúige Uladh (10)***
Gaoth Dobhair – 6; Gleann Cholm Cille – 2; Na Dúnaibh – 1; Cloich Cheannfhaola – 1.

***Cúige Chonnachta (10)***
An Cheathrú Rua – 4; Indreabhán – 2; An Fhairche – 2; Béal an Mhuirthid – 1; Cill tSéadhna – 1.

***Cúige Laighean (1)***
Ráth Cairn.

## Na Buaiteoirí 1969-2000 – Sinsir

***Cúige Uladh (13)***
Cill Chartha – 4; Gaoth Dobhair – 3; Cloich Cheannfhaola – 2; Gleann Cholm Cille – 2; Na Dúnaibh – 1; Ard a' Rátha – 1.

***Cúige Mumhan (11)***
Corca Dhuibhne – 5; Baile Mhúirne – 5; Múscraí – 1.

***Cúige Chonnachta (6)***
Béal an Mhuirthid – 2; Maigh Eo – 1; Conamara – 1; Maigh Cuilinn – 1; An Cheathrú Rua – 1.

## Na Buaiteoirí 1969-2000 – Sóisir

***Cúige Mumhan (11)***
Béal Átha 'n Ghaorthaidh – 4; Baile 'n Sceilge – 3; Piarsaigh na Dromaide – 3; Corca Dhuibhne – 1.

***Cúige Chonnachta (5)***
An Fhairche – 1; Carna – 1; Tuar Mhic Éadaigh – 1; Naomh Anna L.M. – 1; Mícheál Breathnach – 1.

***Cúige Uladh (4)***
Na Dúnaibh – 2; An Clochán Liath – 1; Cill Chartha B – 1.

***Cúige Laighean (2)***
Ráth Cairn – 2.

*Cuireann*

# TALK OF THE TOWN

## *Beár agus Lounge*

***Fáilte roimh Comórtas Peile na Gaeltachta 2000***

*Tabhair cuairt ar Kevin agus Marian*



# Bus Éireann

## *CARA AN TAISTEALAÍ*

*Teachtaire Luais Áitiúil agus Proibhinsial*

---

**Oibrímid Seirbhísí Laethúla go Sasana agus an Eoraip agus ar ais.**

---

AON EOLAS EILE / CLÁR AMA

Fón: 096-71800





***Buaiteoirí Iorrais Faoi-12***
*Declan Doherty, Seán Gaughan, Michael Doocey, Nathan Doherty, Ultan Corrigan, Ivan Barrett, Barry Winters, Gary Sweeney, Patrick McGowan, Jason Healy, Ruardhrí Corrigan, David Cuffe, Liam O'Connor, Mikey Sweeney and Gerard Redmond pictured with Paddy Corbett (Mayo Cumann na mBunscoil).*



*1973 Buaiteoirí Idirmheánach Léige Contae.*

*Go n-éirí go geal le Comórtas Peile na Gaeltachta 2000 agus le Club Chill tSéadhna*

**Jimmy Raftery**



***Specialists in Ladies', Gent's and Children's Footwear***

**TONE STREET, BÉAL AN ÁTHA, CO. MHAIGH EO**

Tel.: 096-21085

*Gach rath agus aimsir mhaith don gComórtas Peile*

**The Dolphin**

WEDDING SPECIALISTS

***DISCO – Saturday Night***

***Sports Bar***

***Live Music Sunday Nights • All Parties Catered for***

**CROSSMOLINA, CO. MAYO**

Tel.: 096-31270



# Cumann na mBunscol Iorrais

Tá go leor leor peileadóirí óga ag an gclub seo againne i gCill tSéadhna agus an fáth go bhfuil siad chomh maith sin ná gur bunaíodh brainse de Chumann na mBunscol in Iorras agus gur cothaíodh an cluiche sna scoileanna Beannchar, Gaoth Sáile agus Dú Thuama. Caithfear míle buíochas a ghabháil leis na daoine a bhunaigh an Coiste agus do na múinteoirí sa cheantair a rinne sár obair leis na daltaí. Tá torthaí na hoibre sin le feiceáil inniu nuair atá ceathrar de na buachaillí ar phainéal Mionúirí Mhaigh Eo i mbliana agus triúr ar fhoireann na Gairmscoile anuraidh a bhuaigh Craobh na hÉireann.

Bunaíodh Cumann na mBunscol Iorrais sa bhlian 1987-88 ag an am céanna is a bunaíodh an Coiste Chontae. Tá naoi gcinn de cheanntair sa chontae agus is é ceanntair Iorrais an ceanntair is láidre ann.

Nuair a bunaíodh an Coiste anseo in Iorras, ba iad scoileanna Cill tSéadhna amháin a ghlac páirt sna comórtais agus tá siad páirteach ó shin. Bhuaigh Scoil Náisiúnta Dhú Thuama an chéad comórtas peile Iorrais na mbuachaillí i 1987 agus tá an corn buaite sé uair ag Scoil Naisiúnta Ghaoth Sáile, (cúig uair i ndiaidh a chéile), rud nach ndéanfaidh aon scoil arís déarfainn.

Ní raibh rud ar bith ó thaobh spóirt de ag na cailíní go dtí gur bunaíodh Cumann na mBunscol Iorrais. Ach arís, cosúil leis na buachaillí, tá na cailíní i measc na bpeileadóirí is fearr, ní amháin sa chontae ach sa tír. Agus nuair a d'ardaigh Diane Ó hÓra corn Bhreandáin Máirtín i bPáirc an Chrócaigh, bhí triúr ó Chill tSéadhna i measc na laochra. Tá peil na mban ag dul i bhfeabhas chuile bhliain agus glacann scoileanna Chill tSéadhna páirt chuile bhliain.

Tá foireann na mbuachaillí óga an-láidir faoi láthair, tá muintir faoi-21 sa chluiche cheannais agus béimid an-dóchasach as na mionúirí i mbliana freisin agus síos go dtí an Bhunscoil, tá na peileadóirí ar fheabhas agus chomh maith le club ar bith sa chontae.

Ag féachaint ar na peileadóirí óga sa chlub faoi láthair, níl aon dabht nach fada uainn Comórtas Sinsir an chontae. Tá fonn buachaint ar na peileadóirí céanna, tá gach saghas teideal buaite acu sna Bunscoileanna agus sna Meánscoileanna, agus dar leo féin, beidh craobh sinsir acu sar i bhfad.

Mar a deir an seanfhocal "Tús maith, leath na hoibre", bhuel tá an tús sin faighte ag peileadóirí óga Chill tSéadhna ó Chumann na mBunscol agus tá buíochas faoi leith tuillte ag an Choiste anseo i gCill tSéadhna.

*"Mol an óige agus tiocfaidh sí."*

*Séamus Bairéad*, Cathaoirleach Chumann Na mBunscol Chonnachta.

*Gach rath agus aimsir mhaith don gComórtas Peile agus go háirithe foireann Chill tSéadhna*

*ó*

# Goonan Building Company Ltd.

GB

NEWPORT ROAD, RAHEENS, CASTLEBAR, CO. MAYO

Tel./Fax: 094-21369 Mobile: 087-2624388

*Go n-éirí go geal leis an gComórtas Peile i gCill tSéadhna*

*ó*

# Tim Hastings Limited

Audi

MAIN DEALERS

WESTPORT, CO. MAYO

Tel.: 098-25133 Fax: 098-25255



*Go n-éirí le foireann Cill tSéadhna sa Chomórtas.*
*Comhgháirdeas ar an ócáid.*

*ó*

# Teach Tábhairne Ó Muinghille

***Buailigí isteach:***

***Tá Seisiúin ar siúl thar an deire seachtaine.***

| | |
|---|---|
| Dé Satharn: | 2.00 – 5.00 i.n. |
| | 6.00 – 9.00 i.n. |
| | 10.00 – Dúntach |
| | DISCO – FREISIN |
| Dé Domhnaigh: | 2.00 – 5.00 i.n. |
| | 6.00 – 9.00 i.n. |
| | 10.00 – Dúntach |
| Dé Luain: | Slán Abhaile |
| | Tar isteach agus beidh ceoil and craic againn! |

## THE HIGH CHAPPARRAL

*Siopa Grósaera, Gníomhaire Crannchur Náisiúnta*

## CROSBHÓTHAR, GAOTH SÁILE

*'Tá Bradán Úr le fáil anseo freisin'*

*Comhgháirdeas ó*

**Flair**

*Top Shop For Ladies' Fashion In The West*

**STOCKISTS OF ALL LEADING BRANDS**

*• For Style, Quality and Value •*

**PEARSE STREET, BALLINA, CO. MAYO**

Tel.: 096-22760

*Go n-éirí go geal leis an gComórtas i Cill tSéadhna ó*

**BUSINESS SUPPLIES**

***COMPUTER SUPPLIES***
***GENERAL PRINTING***
***SHOP & OFFICE STATIONERY***
***OFFICE FURNITURE***

**GARDEN STREET, BALLINA, CO. MAYO**

Tel.: 096-72755 Fax: 096-72823



# Ó Dhroichead Chomhraic go Ceann Ramhar

## TURAS TRÍ PHARÓISTE CHILL tSÉADHNA

### Go hIorras Domhnann Isteach

Mór-bhóthar amháin atá ag freastal ar phobal Iorrais, an N59 as Sligeach, Béal an Átha agus Crois Mhaoilíona anoir agus as Cathair na Mart aneas. Níl an bóthar ó Bhéal Átha Comhraic go Caisleán an Bharraigh thar mholadh beirte, é lúbach, corrach, rud is eol do na h-easláin agus do lucht na n-otharcharranna agus iad ag déanamh faoi phráinn ar Ospidéal an Chontae. Ag tús na naoú h-aoise déag a tógadh na bóithre seo. Anuas go dtí sin bhí muintir Iorrais ag brath ar iompar farraige den chuid is mó, iad scoite amach ón gcuid eile den chontae ag sléibhte, aibhneacha agus portaigh. Ar theorainn thoir Pharóiste Chill tSéadhna mar a dtagann trí shruth le chéile i gcumar abhann atá Béal Átha Comhraic, suite i gcroílár an réigiúin phluid phortaigh is fairsinge in Éirinn. Le breis is dhá scór bliain tá an portach á shaothrú faoi chúram Bhord na Móna (Tionscnamh Abhann Einne) agus móin mheilte á táirgeadh ann. Dóitear an mhóin mheilte i Stáisiún Ginte Aibhléise Bhord Soláthair an Leictreachais i mBéal Átha Comhraic. In imeacht na mblianta chuir an dá chomhlacht sin fostaíocht ar fáil do na céadta fear, rud a chabhraigh go mór leis an eacnamaíocht áitiúil. Tionscnamh nua isea an Fheirm Ghaoithe atá in aice láimhe, é ag cur leis an soláthar leictreachais. Má dhúntar an Stáisiún Aibhléise go luath agus tá an baol sin ann, déanfar díobháil don eacnamaíocht sa réigiún mura dtugtar an gás ón Atlantach i dtír in Iorras mar is cóir. Níor fágadh an lagphortach gan saothrú nuair a bhí an mhóin ídithe. Tá stráicí de faoi fhéar anois. Tá réimsí eile faoi fhoraoiseacht, pé olc maith an fhorbairt sin do áilleacht fhiáin na timpeallachta.

Díol suntais ag turasóirí é Droichead Chomhraic féin - Droichead an Cheoil agus is maith is fiú port a bhaint as. Tá iomrá eile air mar dhroichead, nach bhfuil chomh soilbhir. Aon chúram nach gcríochnaitear sa taobh seo tíre luaitear Droichead Chomhraic leis! Fiosraigh an scéal sin tú féin a léitheoir.

Agus tú ag taisteal siar isteach i lár an pharóiste, síneann an bóthar, fad an bhealaigh go léir geall leis, ar bhruach dheas na hAbhann Móire ó Bhéal Átha Comhraic go Tulachán agus as sin cois cósta go ceann Ramhar i nDú Thuama - turas fiche míle ina iomláine.

### Beannchar Iorrais

Seo linn go Beannchar Iorrais anois. Sráidbhaile é atá ag fás go tréan le

tamall, cuma na maitheasa agus an rachmais air – tionchar an Tíogair Cheiltigh san aer! Páirc imeartha agus Ionad Spóirt nua ann ag Cumann Lúthchleas Gael, a mhacasamhail ag an gClub Sacair. Doire Choineadach sean-ainm an bhaile. Bhí cónaí ann i bhfad siar rud a léiríonn na h-iarsmaí seandálaíochta ina thimpeall. Major Bingham a bhaist Beannchar air nuair a lonnaigh sé ann thart ar 1796. I ngeall ar fheabhas na h-iascaireachta san Abhainn Mhór agus i Loch na Ceathrún Móire ar imeall thiar thuaidh an bhaile tá tarraingt na 'n-uaisle' ar an áit riamh ó shin. Bhí tarraingt na cosmhuintire ar Bheannchar freisin ag na h-aontaí caorach is beithíoch agus inniu féin bíonn an Mharglann Caorach gnóthach go leor ó Bhealtaine go Samhain – aonach sráide ann leis, faoi dhó sa bhFómhar. Crochta go hard ar chliathán thiar Shliabhraon na Néifinne Bige, achar fiche míle slí, idir Beannchar agus Baile Uí Fhiacháin tá sean-bhóthar darb ainm An Bealach Dearb nó An Bealach Garbh – Bangor Trail anois, turas dúshlánach do lucht cnocadóireachta, ocht gcéad troigh ós cionn leibhéal na farraige in áiteanna. Bóthar an Fhásaigh a thug Micheál Ó Cléirigh ar an mBealach Garbh sna hAnnála. Bóthar na nOilithreach a thug W.H. Maxwell air in 1830 agus é ar cuairt ar Bhaile Chruaich; rud is intuigthe agus é ag díriú ar Chruach Phádraig. Tá sé luaite freisin ag an Dochtúir Pococke agus é ar a chamchuairt san iarthar i 1752. Bhí sé áisiúil leis ag gadaithe agus smuglaeirí más fíor an seanchas. Beagán siar ón tsráidbhaile tá na bailte fearainn Áit a' Bhaile agus Cluainte Cille, iad níos ársa i bhfad ná an Beannchar nua-aoiseach. Is i gCluainte Cille a bhí príomh-chaisleán na mBairéadach a ghabh forlámhas ar Iorras i Ré na Normannach. Ón áit seo ar bhóthar an locha, is féidir aghaidh a thabhairt soir ó thuaidh ar Achaidh Chéide agus siar ó thuaidh go Ceathrú Thaidhg, an ceantar Gaeltachta is bríomhaire in Iorras. Is cosúil go raibh scoil scairte i mBeannchar Iorrais i dtús na naoú h-aoise déag agus daichead dalta inti. Tugadh aitheantas di mar Scoil Náisiúnta i 1865 agus bhí 154 dalta ar an rolla faoin mbliain 1872. Bhí Scoil Phrotastúnach in Áit a' Bhaile / Cluainte Cille i 1838 – idir 20 is 30 dalta inti sa samhradh, 50 - 60 dalta sa gheimhreadh, bhí obair feirme le déanamh sa samhradh is léir. Thóg Major Bingham Eaglais Phrotastúnach i mBeannchar i 1834. Níl fágtha anois ach a rian.

### Cill tSéadhna

Ar bhruach na hAbhann Móire achar beag siar as Beannchar tá Cill tSéadhna féin – suíomh na sean-eaglaise as a n-ainmnítear an paróiste. Anois faraor, níl inti ach

*"Fothrach folamh gan aird"*

féar agus fiailí ag plúchadh na n-uaigheanna i reilig na Cille.

Bhí ceangal idir Cill tSéadhna agus an mhainistir iomráiteach i mBaile an Tobair chomh fada siar le 1400 A.D. Gar don láthair tá Ros na gCléireach agus d'fhéadfadh sé gur chuid dá tailte Cluainte Cille a luadh roimhe seo. Sníonn an





